



**Údaráis Áitiúla Lú**  
**Louth Local Authorities**

**Tuarascáil**  
**Bhliantúil**

**2012**



Údaráis Áitiúla Lú  
Louth Local Authorities

## Tuarascáil Bhliantúil 2012

### CLÁR

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ón gCathaoirleach/Méara .....	2
Toghcheantair .....	3
Baill Chomhairle Contae Lú 2011 .....	4
Baill Chomhairle Baile Dhún Dealgan .....	6
Baill Chomhairle Buirge Dhroichead Átha .....	7
Baill Chomhairle Bhaile Átha Fhirdhia .....	8
Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú .....	9
Gnóthaí Corparáideacha .....	10
Tithíocht i bPobail .....	18
Iompar & Muirí .....	33
Uisce, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála .....	35
Forbairt Gheilleagrach .....	43
Geata Réigiúnach .....	48
Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht .....	52
Daonlathas Áitiúil .....	64
Táblaí & Aguisíní .....	66
- Príomhtháscairí Feidhmíochta .....	66
- Figiúirí Airgeadais .....	79
- Taifead Freastail na mBall ar Chomhdhálacha .....	83
- Íocaíochtaí le Baill as cruinnithe, coistí, íocaíochtaí ionadaíochta srl. ....	88
- Ionadaíocht ar SPC/MPCanna, srl.....	89

### RÁITEAS MISIN

“Chun ceannaireacht a sholáthar agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sheachadadh do mhuintir Lú”



Tír na bhFinscéalta

## Comhóráid ón mBainisteoirContae agus ón gCathaoirleacht/Méara.



Joan Martin  
BainisteoirContae  
Údaráis Áitiúla Lú



Finnan McCoy  
Cathaoirleach  
Comhairle Contae Lú



Jennifer Green  
Cathaoirleach  
Comhairle Baile Dhún  
Dealgan

Léiríonn na buanna agus na gnóthachtálacha atá taifeadta i dTuarascáil Bhliantúil 2012 an cur chuige fadhbréitigh a chabhraíonn linn leanúint de sheachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán do Phobail Chontae Lú cé go bhfuil an cor chun donais eacnamaíoch ag dul i bhfeidhm orainn uile. Choinníomar le smaointe nua, le beartais nua, le straitéisí nua agus le réitigh nua i gcaitheamh 2012 d'fhonn éifeachtúlacht níos fearr agus coigiltí costais a bhaint amach. Tá comhoibriú le Grúpaí Pobail, le réimse leathan gníomhaireachtaí reachtúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, mar aon le rannpháirtíocht fheabhsaithe leis na húdaráis eile sa réigiún fós ríthábhachtach agus cuireann sé ar ár gcumas i bhfad níos mó a bhaint amach ná a mbeimis in ann a bhaint amach inár n-aonar.

Tá cruthú post lárnach dár bhfealsúnacht go fóill agus ba de thoradh ar an bhfealsúnacht seo, arna tacú ag beartais agus cleachtais na Comhairle, a cuireadh roinnt mhaith deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán ar fáil ar fud an Chontae i 2012. Leanann an Bord Forbartha Contae, trína fhochoistí, an Fóram Eacnamaíoch go háirithe, de phróifíl Chontae Lú a chur chun cinn mar áit iontach le gnó a dhéanamh inti.

Cabhraíonn sonrú an Chontae mar Chontae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, rud atá bunaithe go maith ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta anois, go mór le Lú a shainníthint mar ardáit le bheith i do chónaí inti.

Tugadh athruithe a rinneadh ar an mbealach a dhéantar na cúraimí Turasoireachta agus Áineasa a bhainistiú deis dúinn breisluach a chur le táirge turasoireachta Lú agus an contae a fhorbairt ina cheannphointe suntasach don chuariteoir náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Móréacht i 2012 ba ea an dul chun cinn a rinneadh ar phríomhthionscadail ar nós Thionscadal Dhroichead Chaol Uisce agus an Tionscadail Gheothurasoireachta, agus táthar ag súil leis go dtiocfaid siad i gcrích i 2013. Ba faoi lánseol a leanadh ar aghaidh an rannpháirtíocht leanúnach lenár gcuid comhghleacaithe i gComhairle Ceantair an lúir agus Mhúrn de réir théarmaí an Mheabhráin Tuisceana.

Baineadh amach athstruchtúrú dúshlánach ar chleachtais soláthair foirne agus oibre i rith 2012, rud nach raibh indéanta ach amháin mar gheall ar go ndeachaigh na foirne sna húdaráis áitiúla uile sa Chontae i ngleic leis an bpróiseas agus gur ghlac siad páirt shuntasach ann. Is ríthábhachtach go dtugaimid aitheantas don pháirt lárnach a ghlacann an fhoireann dhílis, oiriúnaitheach chun a chinntiú go bhfanann Údaráis Áitiúla Lú éifeachtach agus freagrach i leith seirbhísí criticiúla a chur ar fáil, rud a chinnteoidh go bhfanfaidh Lú ina áit iontach le maireachtáil, le hobair, le foghlaim agus le dul amach.




Paul Bell  
Méara  
Comhairle Buirge Dhroichead Átha



Mary Kavanagh  
Cathaoirleach  
Comhairle Baile  
Bhaile Átha Fhirdhia

## Na Toghcheantair



Comhairle Buirge Dhroichead Átha



Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan



Halla an Bhaile, Dún Dealgan



BaillChomhairle Contae Lú

**DÚN DEALGAN / CAIRLINN**

Fine Gael  
Martin Murnaghan



Sinn Féin  
Edel Corrigan



Sinn Féin  
Jim Loughran



Neamhspleách  
Jim Ryan



Fianna Fáil  
Peter Savage



**DÚN DEALGAN / THEAS**

Gan Pháirtí  
Martin Bellew



Fianna Fáil  
Declan Breathnach



Fine Gael  
Linus English



An Comhaontas  
Glas



Gan Pháirtí  
Alan Grehan



Sinn Féin  
Tomás Sharkey



## **DROICHEAD ÁTHA THIAR**

Páirtí an Lucht  
Oibre



Fine Gael  
Anthony Donohoe



Fianna Fáil  
Frank Maher



Sinn Féin  
Paddy McQuillan



## **DROICHEAD ÁTHA THOIR**

Fianna Fáil  
Tommy Byrne



Neamhspleách  
Frank Godfrey



Sinn Féin  
Imelda Munster



Páirtí an Lucht  
Oibre



Fine Gael  
Michael O'Dowd



Fine Gael  
Oliver Tully



## **BAILE ÁTHA FHIRDHIA**

Fine Gael  
Jim Lennon



Fine Gael  
Colm Markey



Fine Gael  
Finnan McCoy



Sinn Féin  
Pearse McGeough



Fianna Fáil  
Liam Reilly



BailiChomhairle Baile Dhún Dealgan

Gan Pháirtí  
Martin Bellew



Fianna Fáil  
Sean Bellew



An Comhaontas  
Glas



Fine Gael  
Maria Doyle



An Comhaontas  
Glas



Sinn Féin  
Jennifer Green



Fianna Fáil  
Conor Keelan



Sinn Féin  
Kevin Meenan



Gan Pháirtí  
Oliver Morgan



Fine Gael  
Eamonn O'Boyle



Neamhspleách  
Jim Ryan



Sinn Féin  
Harry Todd



*Rinneadh an Comhairleoir Mark Deary a chomhthofa chun na Comhairle i bhFeabhra 2012*

Baill Chomhairle Buirge Dhroichead Átha

Páirtí an Lucht  
Oibre



Fine Gael  
Kevin Callan



Sinn Féin  
Matthew Coogan



Fine Gael  
Richie Culhane



Fine Gael  
Anthony Donohoe



An Páirtí  
Sóisialach



Fianna Fáil  
Frank Maher



Sinn Féin  
Imelda Munster



Páirtí an Lucht  
Oibre



Fine Gael  
Michael O'Dowd



Gan Pháirtí  
Ken O'Heiligh



Sinn Féin  
Dom Wilton



BaillChomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Gan Pháirtí  
Michael Farrelly



Páirtí an Lucht  
Óibre



An Comhaontas  
Glas



Fianna Fáil  
Fintan Malone



Fine Gael  
Finnan McCoy



Sinn Féin  
Pearse McGeough



Fianna Fáil  
Padraig McKenny



Fine Gael  
Dolores Minogue



Gan Pháirtí  
Jim Tenanty



## Foireann Shinsearach Údaráis Áitiúla Lú

*Gach duine a chuaigh ar scor i 2012 san áireamh*

### Comhairle Contae Lú

*Bainisteoir Contae:* Joan Martin

*Stiúrthóir Seirbhísí:*

Forbairt Gheilleagrach: Michael Curran  
Tithíocht, Pleanáil Shóisialta agus Phobail, Seirbhísí  
Dóiteáin agus Éigeandála, agus Baile Átha Fhirdhia  
agus an Ceantar Máguaird: Joe McGuinness  
Iompar agus Ceantar Lú Theas: Joan Martin  
Seirbhísí Comhshaoil, Uisce & Ceantar Lú Thuaidh:  
Frank Pentony

Ceann Airgeadais: Bernadette Woods

*Ceann TF:* Eugene Mulholland

*Leabharlannai Contae:* Bernadette Fennell

*Ardoifigh Fheidhmiúcháin*

Acmhainní Daonna: Colette Moss  
Rúnaíocht CDB/Seirbhísí Corparáideacha: Paddy Donnelly  
Tithíocht: Willie Walsh  
An Comhshaoil: Mary Murtagh

*Cuntasóir Airgeadais:*

Brian Lynch, Roisín McAuley

*Oifigh Riaracháin:*

Seirbhísí Dóiteáin: David Jones  
Iompar: Eugene McManus  
Pleanáil: Anne D Callan  
Acmhainní Daonna: Kieran Lawless  
Airgeadas: Pauline Goss  
Seirbhísí Sláintíochta: Brenda O'Brien  
Rúnaíocht CDB: Mary Deery, Paula Gribben  
Tithíocht: Therese McArdle  
Forbairt Gheilleagrach agus Pleanáil Todhchaí: Michael  
McCabe  
Leabharlannai Feidhmiúcháin Sinsearach: Amanda  
Branigan  
Comhordaitheoir RAPID: Valerie Artherton

*Innealtóirí Sinsearach:*

Iompar: Gerry Kelly  
Seirbhísí Sláintíochta: Mark O'Callaghan  
An Comhshaoil: Raymond McKenna

*Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearach:*

Iompar: Frank Magee, Paddy Connolly  
Tithíocht: Donal Clarke  
Seirbhísí Sláintíochta: Keith Hanratty, Peadar McGuinness  
An Comhshaoil: Declan McMahon

*Pleanálaithe Feidhmiúcháin Sinsearach:*

Marguerite Quinn, Terence Savage,

*Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta Sinsearach:* Joe Lumsden,  
Sheila Broderick

*Príomhoifigeach Dóiteáin Cúnta:* John Cummins, Philip O'Brien

*Oifigeach Ealaíon an Chontae:* Brian Harten

*Cartlannaí an Chontae:* Lorraine McCann

*Cróinéiran Chontae:* Ronan Maguire

*Oifigeach Tréidliachta an Chontae:* Garret Shine

*Príomhoifigeach Dóiteáin:* Eamon Woulfe

*Oibrí Sóisialta Sinsearach:* Catherine Vaughan

*Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Lú:* Mary Browne

*An Príomhtheicneoir:* Paddy Birch

*An tOifigeach Oidhreacht:* Brendan McSherry

*Oifigeach Foirne Sinsearach:*

Acmhainní Daonna: Mary Gormally  
Seirbhísí Corparáideacha: Nessa McCartan  
Oifigeach Shábháilteacht ar Bhóithre: Angela Muckian

Mótarcháin: Sinead Lally

Seirbhísí Uisce: Siobhan Rice

Forbairt Gheilleagrach/Pleanáil Todhchaí: Sinead  
McVerry

Bainisteoir Cláir Peace III: Paddy Drumgoole

Tithíocht: Kathleen Birch

Móréigeandáil: Gregory Flanagan

Leabharlannai Feidhmiúcháin: Sheila Tierney,  
Peter Murphy, Anne Keaveney

Airgeadas: Anne McDonnell

### Droichead Átha agus an Ceantar Máguaird

*Stiúrthóir Seirbhísí:* Joan Martin

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:* Mary T. Daly

*Oifigh Riaracháin:* Brona O'Reilly, Jeanne Rushe

*Oifigh Foirne Sinsearach:* Christine Mullen, Alison  
Condra

*Innealtóir Sinsearach:* Pat Finn

*Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearach:* Martina  
Sheeran, Vincent Toner

*Pleanálai Feidhmiúcháin Sinsearach:* Emer  
O'Callaghan

### Dún Dealgan agus an Ceantar Máguaird

*Stiúrthóir Seirbhísí:* Frank Pentony

*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:* David Storey

*Oifigh Riaracháin:* John Lawrence, Joan Smith

*Oifigh Foirne Sinsearach:* Eileen McEnteggart,  
Veronica Traynor, Mary Capplis

*Innealtóir Sinsearach:* Catherine Duff

*Innealtóirí Feidhmiúcháin Sinsearach:* Peter  
McVeigh, Pádraig O'Hora

*Pleanálai Feidhmiúcháin Sinsearach:* Sinead Mullen

### Baile Átha Fhirdhia agus an Ceantar Máguaird

*Stiúrthóir Seirbhísí:* Joe McGuinness

*An Cléireach Baile:* Miriam Roe

*Ardoifigeach Feidhmiúcháin Pleanálai:* Marguerite  
Quinn

*Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach:* Pádraig Judge

### GACH DUINE A CHUAIGH AR SCOR 2012:

Michael Murtagh: *Maor Ceirde*

James Sweeney: *GSS*

Jim Nugent: *Cúntóir Leabharlainne*

Liam McKey: *Feighlí Oibreacha Uisce*

Kathleen Muckian: *Oifigeach Foirne*

Ivor Powell: *Teicneoir Feidhmiúcháin:*

Marguerite Laverty: *Oifigeach Cléireachais*

Pauline Watters: *Oifigeach Riaracháin*

Bernard Keogan: *Oifigeach Foirne*

Catherine McDonnell: *Oifigeach Cléireachais*

Ellen O'Hanlon: *Oifigeach Riaracháin*

Brian McKeever: *Tiománaí*

John Gallagher: *Maor Trácha*

Yvonne Clarke: *Airgeadóir Músaeim*

Raymond Mcevoy: *Oibrí Ceirde*

Elizabeth Matthews: *Glantóir*

Marian Whearty: *Oifigeach Riaracháin*

Seamus Durnin: *Oifigeach Foirne*

Breda Reilly: *Oifigeach Cléireachais*

## Gnóthaí Corparáideacha

### CRUINNITHE DE CHOMHAIRLE CONTAE LÚ - 2012

Cruinniú Míosúil	11
Cruinniú Speisialta	6
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1
CPG (Grúpa Beartais Chorparáidigh)	11
SPC – Iompar & Gnóthaí Trasteorann	3
SPC – Seirbhísí Comhshaoil	3
SPC – Forbairt Gheilleagrach & Pleanáil Todhchaí	6
SPC – Tithíocht, Pleanáil Shóisialta & Pobail	3
Cruinniú an Choiste Ceantair – Dún Dealgan	11
Cruinniú an Choiste Ceantair – Baile Átha Fhirdhia	11
Cruinniú an Choiste Ceantair – Droichead Átha	11
CCP – Droichead Átha agus Lú Theas	4
CCP – Dún Dealgan agus Lú Thuaidh	4
CCP – Baile Átha Fhirdhia agus Lú Láir	4
CCP - Baill an Ghrúpa Stiúrtha	3
<b>Líon Iomlán na gCruinnithe</b>	<b>93</b>

### Coistí Ceantair

Trí cinn de choistí ceantair ar aon dul le teorainneacha na dtoghcheantar agus cheap na coistí seo cathaoirleach go ceann tréimhse bliana suas go Meitheamh 2012.

<b>Coiste Ceantair</b>	<b>Cathaoirleach</b>	<b>Cruinnithe a bhí ann</b>
Dún Dealgan Cairlinn / Dún Dealgan Thoir	An Cllr. Jim Loughran	An dara Luan de gach mí
Baile Átha Fhirdhia	An Clr. Pearse McGeough	An 4ú Déardaoin de gach mí
Droichead Átha Thoir/ Droichead Átha Thiar	An Cllr. Tommy Byrne	An chéad Luan de gach mí

### Comhchoistí Póilíneachta

Ceanglaíonn Acht an Gharda Síochána 2005 ar údaráis áitiúla, i gcomhar leis an nGarda Síochána, comhchoistí póilíneachta a bhunú ina gceantair. Fóraim chomhairliúcháin, díospóireachta agus moltaí is ea na coistí seo ina bpléitear póilíní na gceantar áitiúil. Déanann siad athbhreithniú ar leibhéal agus ar phatrúin choireachta, neamhoird agus iompraíochta frithshóisialta agus moltaí siad bearta do na húdaráis áitiúla agus don Gharda Síochána maidir leis an tslí is fearr le déileáil leis na saincheistanna sin. Ar na fóraim tá baill agus oifigigh na n-údarás áitiúil, ionadaithe den Gharda Síochána, ionadaithe pobail agus comhaltaí den Oireachtas.

D'fhaomh Comhairle Contae Lú bunú trí cinn de Chomhchoistí Póilíneachta timpeall bhailte Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia ar aon dul le struchtúr na gcoistí ceantair agus le ceantair phóilíneachta an Gharda Síochána. Cinneadh, leis, Grúpa Stiúrtha na gComhchoistí Póilíneachta a bhunú, ar a mbeadh Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, Cathaoirleach na gcomhchoistí póilíneachta, an Bainisteoir Contae agus Príomhcheannfort an Gharda a bhfuil sé d'fheidhm acu oibriú na dtrí choiste a threorú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

<b>Comhchoiste Póilíneachta</b>	<b>Cathaoirleach</b>
Droichead Átha	An Clr. Frank Maher
Baile Átha Fhirdhia	An Cllr. Pádraig McKenny
Comhairle Baile	An Cllr. Martin Bellew

Clúdaítear gníomhaíochtaí Chomhchoistí Póilíneachta an Chontae i dtuarascáil a ullmhaíodh de réir Alt 369 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

### **Grúpa Beartais Chorporáidigh**

Ceanglaíonn an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 ar gach contae coiste a bhunú a dtabharfar an Grúpa Beartais Chorporáidigh (GBC), ar a mbeidh Cathaoirleach na Comhairle Contae agus cathaoirleach na gCoistí Beartais Speisialta. Is é feidhm gach grúpa comhairle a chur ar an gcomhairle tofa i dtaca le beartas a cheapadh, a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh air agus é a athbhreithniú. Tháinig an Grúpa le chéile 11 uair le linn 2012 agus eagraíodh na cruinnithe seo ar bhonn míosúil. Ceann de phríomhfheidhmeanna an ghrúpa ná athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre le haghaidh chruinniú míosúil na comhairle. Tá ról ríthábhachtach ag an ngrúpa i dtaca le ceapadh an bhuiséid iomláin agus le hullmhú an Plean Chorporáidigh.

### **Cruinnithe na Comhairle**

Bíonn cruinniú míosúil ag Comhairle Contae Lú ar an tríú Luan de gach í agus cruinniú reachtúil Buiséadach agus Cruinniú Bliantúil agus cruinnithe speisialta ó am go chéile más gá chun déileáil le saincheisteanna ar nós athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae. Tionóladh 19 cruinniú san iomlán sa bhliain 2012.

Tionóladh an **Cruinniú Buiséid** reachtúil an 17 Nollaig 2012 ag ar bhreithnigh an Chomhairle €66,240,240 d'ollchaiteachas ioncaim don bhliain 2013 agus ar ar glacadh ráta bliantúil ar luacháil €55.08 mar aon le €1.77 de thobhach breise le haghaidh ceantar Chomhairle Bhaile Átha Fhirdhia. Ar áireamh sa tuarascáil a chuir cuireadh faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an dréachtbuiséad bhí tuarascálacha ó gach stiúrthóireacht i dtaobh an dul chun cinn a rinneadh sa bhliain 2012i dtaca leis an bPlean Corparáideach roimhe sin chun géilleadh do riachtanais Alt 134(ii) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

### **FÁILTITHE CATHARTHA / DÁMHACHTAINÍ / srl.**

<b>Údarás Bronnta</b>	<b>Dáta</b>	<b>Faighteoir</b>	<b>Gnóthachtáil</b>	<b>Costais</b>
Comhairle Contae Lú	-	-	-	0
Comhairle Baile Dhún Dealgan	17/01/2012	De La Salle Brothers	Fáiltiú Cathartha Deireadh le 112 bliain ag cur le Dún Dealgan	€409.49
Comhairle Baile Dhún Dealgan	03/10/12	Eilish Byrne	Fáiltiú Cathartha Bonn cré-umha sna Cluichí Parailimpeacha 2012	€444.50

Comhairle Baile Dhún Dealgan	23/04/12	Ronnie Whelan	<i>Fáilte Chathartha</i> Siúl ó Bhéal Feirste go dtí Baile Átha Cliath ar mhaithe le Cumann Myasthenia Gravis	€150.00
Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia	24/10/2012	Ardee Tidy Towns	<i>Fáiltiú Cathartha</i> Buaiteoirí Boinn Chré-umha (an chéad uair riamh do Bhaile Átha Fhirdhia)	€970.00
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	26/04/12	<b><u>Dámhachtainí Cathartha</u></b> Sr Agnes Byrne Karen Devine Edward Kennedy Colin Maher <i>Cairde Ospidéal Mhuire</i> Colin O'Donoghue Richard Moore An Seanadóir Feargal Quinn An Ceannfort Gerry Smith	Do mhóreachtaí sa phobal	€788.19
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	22/11/12	<b><u>Fáiltiú Cathartha d'FhoireannPharailimpeach na hÉireann</u></b> An tUasal Jimmy Gradwell – <i>Uachtarán Choiste Parailimpeach na hÉireann</i> An tUasal Liam Harbison – <i>Príomhfheidhmeannach – Chef de Mission</i> Nancy Chillingworth – <i>Stiúrthóir Feidhmíochta</i> Anne Ebbs – <i>Bunaitheoir Choiste Parailimpeach na hÉireann</i> An tUasal Ronan Rooney – <i>Lúthchleasaí Parailimpeach</i>	Mar aitheantas ar a gcuid mórreachtaí i gCluichí Parailimpeacha Londan 2012	€606.75

## Scéim na Gaeilge

Príomhchuspóir is ea é i gcónaí na gealltanais a rinne Údaráis Áitiúla Lú faoi Scéim na Gaeilge a chomhlíonadh agus táimid meáite ar na hoibleagáidí reachtúla atá leagtha amach sa scéim sin a chomhlíonadh.

Aithnítear gur dúshlán é an scéim a chur i bhfeidhm ina hiomláine i bhfianaise an laghdaithe ar acmhainní ach tá Údaráis Áitiúla Lú meáite ar fhéachaint chuige go n-aithnítear acmhainní chun a chinntiú go ngéilleann siad do na hoibleagáidí reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.


## STEM, Monatóireacht agus Tuairisciú Fuinnimh

Léirigh Comhairle Contae Lú ceannaireacht láidir shibhialta le linn tionscadal STEM a bheith á sheachadadh agus le linn na dtionscnamh chun a dtionchar an timpeallacht a laghdú. Tá Tionscadal STEM ar bun ó 2004 i leith agus chabhraigh sé go mór le Comhairle Contae Lú creidiúnú ISO 14001 le haghaidh Córas Bainistíocht Comhshaoil a bhaint amach, ar creidiúnú é atá aitheanta ar fud an domhain.

Trí bheart a dhéanamh chun an timpeallacht a chosaint agus an méid acmhainní a ídítear a laghdú a mhéad is féidir, tá an chomhairle ag rannchuidiú le hinbhuanaitheacht san fhadtearma. Cuspóirí agus spriocanna leathana is ea na cuspóirí agus na spriocanna a socraíodh chun feabhsúcháin a bhaint amach. Dhírigh formhór na gcuspóirí ar thruailliú a chosc agus ar ídiú acmhainní ar nós fuinnimh agus ábhar a laghdú a mhéad is féidir.

Choimeád Comhairle Contae Lú a chreidiúnú ISO 14001 sa bhliain 2012. Faoin ISO sin, athbhreithníodh na cuspóirí agus na spriocanna le haghaidh 2012 agus tionscnaíodh roinnt tionscadal nua. Níor baineadh amach gach sprioc ach léiríodh an fiúntas a ghabhann le monatóireacht agus le hathbhreithniú agus trí phatrúin ídithe a rianú go cruinn, aithníodh réimsí eile ina bhféadfaí dul i bhfeabhas.

Bhí roinnt de na spriocanna seo, arna gcomhlánú ag tionscnaimh bhreise eile, ina gcúis le feabhsú ar Rátáil Fuinnimh Áras an Chontae. Gach bliain, bíonn teastas Rátála Fuinnimh Foirgnimh ag teastáil le haghaidh Áras an Chontae. Tá an teastas seo an-chosúil leis an lipéad fuinnimh a chuirtear ar fhearais leictreacha tí. Cuimsíonn an lipéad scála ó A go dtí G. Bronntar ráta A ar na foirgnimh is éifeachtúla ó thaobh an fhuinnimh de, agus ráta G orthu siúd atá is lú éifeachtúlacht. Bronnadh D1 ar Áras an Chontae ar an gcéad dul síos i 2009 agus tháinig feabhas ar an scéal nuair a bronnadh C2 air i 2012.



### FORAMHARC AR ÍDIÚ FUINNIMH SA BHLIAIN 2012

Is iad an leictreachas, an díosal bóthair, an gás príomhlíonra agus ola ceirisín na cineálacha fuinnimh is mó a úsáideann Údaráis Áitiúla Lú, san ord sin. Déanann an fhoireann fuinnimh gach ídiú fuinnimh a bhainistiú go gníomhach. Lena chois sin ceann de na príomhchuspóirí atá ag caighdeán ISO 14001, caighdeán atá bainte amach ag Comhairle Contae Lú, ná ídiú fuinnimh a laghdú de 3% gach bliain. B'ionann an tsuim iomlán a caitheadh ar an bhfuinneamh in Údaráis Áitiúla Lú i 2012 agus €4,673,000.



### Leictreachas:

Tá 1,309 cuntas leictreachais ag Údaráis Áitiúla Lú, agus is cuntais neamh-mhéadraithe a bhformhór mar a fheicfead ón tábla thíos.

	Méadraithe	Neamh-mhéadraithe ( <i>m.sh.</i> Soilsiú Poiblí)
<b>CCL</b>	124	502
<b>CBDD</b>	37	301
<b>CBDA</b>	21	324

De na cuntais mhéadraithe, baineann 80% den chaiteachas le hoibreacha cóireála uisce agus fuíolluisce agus 14% nó mar sin leis na príomhfhoirgnimh chathartha.

Leanadh de thairiscintí soláthair a lorg sa bhliain 2012 agus ba iad Energia agus Airtricity na soláthróirí a roghnaíodh.

### **Díosal Bóthair:**

Athbhreithníodh an próiseas tairisceana don soláthar agus bronnadh conradh nua ar Topaz chun gach feithicil de chuid Údaráis Áitiúla Lú a sholáthar. I dteannta le córas cárta breosla, chabhraigh sé seo linn monatóireacht agus taifeadadh an-chruinn a dhéanamh ar ídiú. Ídíodh 253,648 lítear breosla sa bhliain 2012, arbh ionann é agus 3.4% mar laghdú suntasach ar fhigiúr 262,362 na bliana 2010.

### **Le Linn 2012 Chomh Maith**

- Féachfar an bhféadfaí tuilleadh úsáide a bhaint as an gcarr leictreach, déantar tiomáint thrialach ar fheithicilí oiriúnacha agus suiteálfar pointí luchtaithe leictreach in áiteanna straitéiseacha i 2012. Anois, tá dhá phointe luchtaithe cairr ann sa charrchlós poiblí ag Áras an Chontae.
- Rinneadh an líonadh talún giniúint leictreachais a chur chun cinn ar an láthair de rogha ar ghás líonta talún a spré, agus tá feistiú na n-inneall gáis ar bun. Táthar ag súil go gcuirfear an nascadh leis an ngréille i gcrích faoi lár 2013. Leanann an láithreán líonta talún d'inghlacthacht ardleibhéil de Dhramhaíl In-Bhithmhillte Chathrach a laghdú, agus tá sé go mór faoin uas-sprioc ceadaithe de 47%.
- Cuireadh tús sa bhliain 2011 le Tionscadal Réigiún na Teorann Thoir faoinar ndearnadh iniúchadh ar fhoirgneamh poiblí de chuid Údaráis Áitiúla Lú, atá ceaptha le bheith ina ollionad leabharlainne agus músaeim, toisc go bhfuil siad araon ar an láthair chéanna, agus beidh siad feistithe le gléasanna tíosacha ar fhuinneamh le linn 2013 agus cuirfear na torthaí ar taispeáint don phobal i gcoitinne i bhforhalla an fhoirgnimh.
- Tá an chomhpháirtíocht idir Údaráis Áitiúla Lú agus SEAI a síníodh go déanach sa bhliain 2010 i réim go fóill agus tá ÚAL tiomanta de laghdú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.
- Coimeádfar ISO 14001 laistigh de ranna de Chomhairle Contae Lú agus le hathstruchtúrú Údaráis Áitiúla Lú, cuirfear ar fáil é sna ranna nua a bheidh i gceist sa struchtúr nua, ionas go leathfar ISO 14001 go ranna ar leith de Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus de Chomhairle Buirge Dhroichead Átha.


### **CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ**

Thaispeáin Clár na dToghtóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2012 91,140 de phobal vótála, comhdhéanta mar seo a leanas:

#### **Miondealú de réir Cineál an Toghtóra**

Toghtóirí Dála	86,696
Toghtóirí Uachtaránachta	85,967
Toghtóirí Eorpacha	87,645
Toghtóirí Áitiúla	90,015

## Miondealú de réir Toghlimistéar Áitiúil



### Clár Atheagraithe na dToghthóirí

Bhí 3,216 ainm i gClár Atheagraithe na dToghthóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2012.

### Toghcháin le linn 2012


Reáchtáladh reifreann ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (An Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta), 2012 Déardaoin, an 31 Bealtaine 2013.

Reáchtáladh reifreann ar an mBille um an Tríochadú Leasú ar an mBunreacht (An Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta), 2012 Dé Sathairn, an 10 Samhain 2013.

### DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Íocadh amach €5,566,874.86 san iomlán i bhfoirm Deontas Ardoideachais sa bhliain acadúil 2011/2012. Aisíoctar ón Roinn Oideachais & Scileanna gach deontas/táille a íoctar le mic léinn ach amháin €6,279.11 de ranníocaíocht shocráithe. Ní aisíoctar costais riaracháin na Comhairle.

Seo a leanas na staitisticí maidir le hiarratais ar an Deontais Ardoideachais a ceadaíodh sna 4 bliana acadúla seo caite:



## SEIRBHÍSÍ SAORÁNACH

### Saoráil Faisnéise

Rinneadh 39 iarratas sa bhliain 2012 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997/2003 chuig Údaráis Áitiúla Lú. Bhí 17% de laghdú i gComhairle Contae Lú, 46% de laghdú i mBuirg Dhroichead Átha agus 59% de laghdú i gComhairle Baile Dhún Dealgan ar fhiigiúirí na bliana 2011.

	Comhairle Contae Lú 2011	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2011	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2011	Comhairle Contae Lú 2012	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2012	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2012
<b>Líon iomlán na nIarratas</b>	30	13	17	25	7	7
-Pearsanta	9	8	6	13	4	4
-Neamhphearsanta	17	5	10	11	3	3
-Measctha	4	Nialas	1	1	Nialas	Nialas
Iarratais a Deonaíodh	6	6	13	8	5	5
Iarratais a Páirtdeonaíodh	13	2	Nialas	10	Nialas	Nialas
Iarratais a Diúltaíodh	7	5	4	4	2	2
Iarratais a Aistríodh	3	Nialas	1	1	Nialas	Nialas
Iarratais a aistarraingíodh	Nialas	Nialas	Nialas	1	Nialas	Nialas
Iarratais a aistarraingíodh agus ar déileáladh leo lasmuigh de SF	1	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach	2	4	Nialas	2	1	1
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	Nialas	Nialas	Nialas	1	Nialas	Nialas
<b>Foinse na nIarratas</b>						
Iriseoirí	2	Nialas	Nialas	1	Nialas	Nialas
Lucht Gnó	6	6	Nialas	3	1	1
Oireachtas	Nialas	Nialas	Nialas	0	Nialas	
Eile/An Pobal i gCoitinne	20	7	17	15	6	6
An Fhoireann	2	Nialas	Nialas	6	Nialas	Nialas

	Comhairle Contae Lú	Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Comhairle Baile Dhún Dealgan
<b>Gearáin leis an Ombudsman</b>			
Gearáin a fuarthas i gcaitheamh na bliana	6	3	0
<b>Ábhar na nGearán</b>			
Pobal, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí			
Seirbhísí Corparáideacha			0
Comhshaoil/Forfheidhmiú/Tréidlianna			0
Airgeadas	2		0
Pleanáil Toghcháin & Forbairt Gheilleagraic			0
Tithíocht	3	2	0
Pleanáil			0
Iompar	1		0
Mótarcháin			N/B
Seirbhísí Uisce		1	0
<b>Gearáin faoi Chairt na Saoránach</b>			
Gearáin a fuarthas sa bhliain 2012	9	Nialas	Nialas

## Comhairle Buirge Dhroichead Átha

### Cruinnithe na Comhairle

Bíonn cruinnithe míosúla ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha ar an gcéad Luan den mhí agus Cruinniú Buiséid agus Cruinniú Bliantúil reachtúil mar aon le cruinnithe speisialta ó am go chéile. Ní bhíonn aon chruinniú i Lúnasa. Eagraíodh 15 chruinniú san iomlán sa bhliain 2012.

## Tithíocht agus Pobail:

*'Pobail inbhuanaithe a éascú trí chóiríocht a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais an uile dhuine trí phróiseas pleanála pobail.'*

### **MEASÚNÚ RIACHTANAS TITHÍOCHTA**

Ag deireadh na bliana 2012 bhí 1,096 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú, 2,144 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 2,382 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

### **SOLÁTHAR TITHÍOCHTA**

Bainistítear an soláthar tithíochta trí Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne mar a aontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil. I gcás Chomhairle Contae Lú le linn 2012, leanadh ar aghaidh le forbairt tithíochta ag Bóthar Ghort na Mara, na Creagacha Dubha, agus cuireadh oibreacha ag Meille, Droichead Átha i gcrích.

B'éigean athruithe a dhéanamh ar an mbeartas tithíochta ar leibhéal náisiúnta ó tharla an cúlú sa gheilleagar sa bhliain 2008. Is lú an bhéim anois ar thithíocht shóisialta a sholáthar trí fhoirgníocht nua a mhaoiniú.

Díríonn beartas an Rialtais anois ar thithíocht shóisialta a sholáthar trí shocruithe léasa le húinéirí réadmhaoine agus le forbróirí a bhfuil stoc tithíochta neamhdhíolta acu.

### **TITHÍOCHT SHÓISIALTA**

Ag deireadh na bliana 2012 bhí 948 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Contae Lú, 1,313 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus 1,427 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Baile Dhroichead Átha.

### **TITHÍOCHT INACMHAINNE**

Tá an t-éileamh ar thithíocht inacmhainne laghdaithe go hiomlán le roinnt blianta anuas agus níor díoladh aon teach inacmhainne le linn 2012.

Tiontaíodh sé aonad inacmhainne agus fiche go haonaid shóisialta i dtreo dheireadh na bliana 2009 agus tiontaíodh ceithre aonad eile den chineál céanna i nDún Dealgan sa bhliain 2011. Lena chois sin, tugadh 30 aonad inacmhainne neamhdhíolta i gceantar an Chontae agus 24 aonad den sórt céanna i nDún Dealgan ar cíos don earnáil dheonach tithíochta go ceann tréimhse cúig bliana lena ligean le tionóntaí atá ar liostaí feithimh údaráis áitiúil.

### **TITHÍOCHT DHEONACH**

Tá taifead den scoth ag Údaráis Áitiúla Lú i dtaca le dul i mbun oibre le comhlachtaí deonacha chun aonaid tithíochta deonacha a sholáthar. Tá 746 aonad tithíochta dheonacha ann sa Chontae, 360 acu siúd atá laistigh de limistéar Comhairle Baile Dhún Dealgan; 283 atá laistigh de limistéar Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 103 atá laistigh de limistéar na Comhairle Contae.

### **FOINSIÚ AONAD SÓISIALTA**

#### **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)**

Tionscnamh a riarann údaráis áitiúil chun tacú lena gcláir tithíochta sóisialta is ea an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS).

Faoin scéim tugtar cóiríocht phríobháideach ar ardchaighdeán ar cíos do thionóntaí cáilithe (daoine a bhfuil cearta buana cónaitheachta acu sa Stát agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach agus atá ag fáil an Fhorlíonta Chíos le breis is 18 mí).

Faigheann tuairim is 2,800 duine i Lú an forlíonadh cíosa i láthair na huaire. Díobh sin, tá sé á fháil ag 1,491 duine le breis is 18 mí amhail ag deireadh 2012.

Ag deireadh na bliana 2012, bhí 199 réadmhaoin i RAS i Lú.

### **Scéimeanna Léasaithe Sóisialta**

Forlíonadh ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos is ea na scéimeanna seo a leanas:

- Scéim léasaithe rialtais do thithe inacmhainne neamhdhíolta (tugtar na tithe sin ar léas do chumann deonacha tithíochta ar feadh tréimhsí suas le cúig bliana, agus tairgtear iad ar cíos do theaghlach ó liosta feithimh údaráis áitiúil ar an mbonn cíosa céanna le tithe údaráis áitiúil) agus
- Tionscnamh léasaithe fadtéarmach (a mhaireann 10-20 bliain) faoin léasaítear réadmhaoin ón earnáil phríobháideach (ráthaítear na cíosanna do thréimhse iomlán na léasa, ach bíonn siad faoi réir athbhreithnithe ag brath ar choinníollacha an mhargaidh) agus úsáidtear é chun áit chónaithe a sholáthar do theaghlaigh ó liostaí feithimh údaráis áitiúla. Leithdháilfear réadmhaoin de réir scéimeanna leithdháilte údaráis áitiúil, agus is é an t-údarás áitiúil a dhéanfaidh iad a bhainistiú, a árachú agus a chothabháil.

### **CÍOSANNA TITHÍOCHTA**

Foráiltear sa Scéim Cíosanna Tithíochta le haghaidh cíosanna bunaithe ar ioncam agus athbhreithnítear an scéim gach bliain. €25 sa tseachtain ar a laghad a íoctar i gcíosanna difreálacha.

### **COTHABHÁIL AGUS FEABHSÚ AN STOIC TITHIOCHTA**

Fuarthas 736 iarratas sa bhliain 2012 ar chothabháil do stoc tithíochta sóisialta atá anois ann i gceantar Chomhairle Contae Lú, agus bhí gach ceann díobh seachas 7 gcinn réitithe ag deireadh na bliana.

Rinneadh nuachóiriú ar 39 teach i gceantar an chontae sa bhliain 2012 tar éis imeacht na dtionóntaí.

Fuair Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2,130 iarratas ar chothabháil ar an stoc tithíochta a bhí ann cheana, agus bhí 361 díobh sin fós le réiteach ag deireadh na bliana. Nuachóiríodh 62 teach i gceantar Dhroichead Átha sa bhliain 2012 tar éis imeacht na dtionóntaí.

Fuair Comhairle Baile Dhún Dealgan 1,993 iarratas ar chothabháil ar an stoc tithíochta sóisialta a bhí ann cheana, agus bhí 48 díobh sin fós le réiteach ag deireadh na bliana. Nuachóiríodh 49 teach i gceantar Dhún Dealgan sa bhliain 2012 tar éis imeacht na dtionóntaí.

### **RIALÚ NA GCAIGHDEÁN I DTITHÍOCHT AR CÍOS**

Comhthreomhar leis an bhforbairt beartais seo, tháinig rialacháin bhreise ar chaighdeán i réadmhaoin ar cíos i bhfeidhm le linn na bliana 2009 leis na dátaí tús feidhme seo a leanas:

- 1 Feabhra 2009 i gcás na Rialachán Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos) 2008 agus

- 1 Nollaig 2009 i gcás na Rialachán Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos) (Leasú) 2009

Socraíonn na rialacháin íoschaighdeán riachtanacha le haghaidh inter alia, staid struchtúrach réadmhaoine (Airteagal 5 de na rialacháin); Áiseanna Sláintíochta (Airteagal 6); Áiseanna Téimh (Airteagal 7); Ullmhú & Stóráil Bia agus Neachtlan (Airteagal 8) agus Aerú (Airteagal 9). Ní bheidh feidhm ag airteagail sé go hocht i dtús báire ach amháin maidir le tionóntachtaí nua agus tiocfaidh siad i bhfeidhm do thionóntachtaí atá ann anois ón 1 Feabhra 2013. Rinneadh 500 cigireacht le cois sa réimse seo sa bhliain 2011.

### BAINISTÍOCHT EASTÁIT

Ghlac an Chomhairle Beartas Bainistithe Eastáit nua ar an 16 Iúil 2012 d'fhonn dul i ngleic le cúrsaí Eastáit agus Tionóntachta. Tháinig an beartas nua seo in éifeacht in ionad an bheartais roimhe a glacadh i 1992.

Léirítear sa tábla anseo thíos gníomhaíochtaí maidir le bainistiú ginearálta eastáit i gcaitheamh 2012.

	CCL	CBDD	CBDA	IOMLÁN
Oiliúint Réamhthionóntachta	40	145	58	<b>243</b>
Iníúchtaí ar Thionóntachtaí (Tithe)	156	189	269	<b>614</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>196</b>	<b>334</b>	<b>327</b>	<b>857</b>

Mar an gcéanna, léirítear sa tábla anseo thíos gníomhaíochtaí i gcaitheamh na tréimhse céanna i ndáil le gearáin a fuarthas faoi theagmhais iompar frithshóisialta i dtithe sóisialta dár gcuid.

	CCL	CBDD	CBDA	Iomlán
Líon na ngearán a fuarthas	80	78	124	<b>282</b>
Líon na ngearán a rinneadh a dhíbh	1	0	2	<b>3</b>
Líon de na gearáin seo a bhfuil imscrúdú fós ar bun ina leith ag deireadh Dheireadh Fómhair 2012	0	0	0	<b>0</b>
Líon de na gearáin nach ndearna aon ghníomh breise ina leith	38	46	33	<b>117</b>
Líon na rabhadh ó bhéal a eisíodh	13	17	36	<b>66</b>
Líon na rabhadh i scríbhinn a eisíodh	8	6	26	<b>40</b>
Líon na rabhadh deiridh i scríbhinn a eisíodh	1	2	3	<b>6</b>
Líon na n-orduithe eisiaimh a lorgaíodh/a bronnadh	0	0	0	<b>0</b>
Líon na ndíshealbhuíthe/na ndaoine a d'fhág go toilteanach	0	4	3	<b>7</b>

### SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TITHÍOCHTA

#### TITHÍOCHT RIACHTANAS SPEISIALTA

Sa bhliain 2012 thug Údaráis Áitiúla Lú 7 dteach chun críche chun oiriúnú a dhéanamh ar an stoc tithíochta a bhí ann cheana chun riachtanais tionóntaí a chomhlíonadh.

Ina measc siúd, bhí na hoibreacha ag Páirc Fhirdhia i mBaile Átha Fhirdhia; Clooneevan, na Creagacha Dubha; Páirc Oilibhéir, Cairlinn; Na Peadaic agus Radharc na Rátha, Tearmann Feichín; Páirc an Athar Finn, SráidbhaileLú; agus Ard Halla an Mhúraigh, Baile Átha Fhirdhia

## DAOINE GAN DÍDEAN

I mí na Nollag 2009 léirigh an tAire Comhshaoil go dtiocfadh Comhairle Contae Lú chun bheith ina Údaráis Freagrach Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean. Ullmhaíodh an Plean ar bhonn athbhreithniú neamhspleách a rinneadh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean sa chontae sa chéad chuid den bhliain 2010, agus cuireadh san áireamh ann beartas an Rialtais i leith seirbhísí do dhaoine gan dídean a bheidh á chomhordú ar bhonn réigiúnach. Ghlac an Chomhairle Contae an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean ag a cruinniú den 17 Bealtaine, 2010.

Tá an Plean fós á chur i ngníomh agus tugadh faoi líon na ndaoine a bhí ag codladh amuigh a chomhaireamh den chéad uair riamh ar oíche an 20 Samhain. Rinneadh sainaitheint ar thriúr a bhí ag codladh amuigh ar an oíche sin de thoradh ar an gcomhaireamh tosaigh seo.

Amhail ar an 31 Nollaig 2012 measadh 30 duine a bheith gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála sa chontae, agus bhí 179 tionóntacht á gothabháil.

## CÚRSAÍ TAISTEALÁÍ

Tá Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2009-2013 glactha ag Comhairle Contae Lú. Leagtar amach ann roinnt spriocanna i dtaca le tithíocht shóisialta agus le tithíocht do Thaistealaithe chun riachtanais na dThaistealaithe a chónaíonn sa chontae a chomhlíonadh. Bunaíodh Coiste Comhairliúcháin do Thaistealaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chláir seo. Ar an gCoiste sin tá ionadaithe ó na hÚdaráis Áitiúla, oifigigh na Comhairle, Thaistealaithe agus ionadaithe Taistealaí. Tá Údaráis Áitiúla Lú tiomanta do na spriocanna atá leagtha amach sa chlár seo a bhaint amach.

<b><u>Tithíocht Shóisialta</u></b> 2009-2013	<b><u>Toradh</u></b> 66	<b><u>Toradh faoi dheireadh 2012</u></b> 49 (74% de sprioc an chláir) as a gcuireadh 17 gcinn ar fáil i rith 2012
<b><u>Tithíocht Ghrúpa</u></b> 2009-2011	<b><u>Toradh</u></b> 6	<b><u>Sprioc</u></b> 2 (33% den iomlán)

- Droimín, Dún Léire - cuireadh tús le tógáil dhá aonad i mBealtaine 2012.

## PLEANÁIL POBAIL

I gcaitheamh na bliana 2012 chuir Comhairle Contae Lú bunscóil 16 sheomra ranga i gcrích ar Bhóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha i dtionscadal píolóta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Sholáthair an t-údarás seo an dearadh agus an tógáil araon. Faoin tsamhail chéanna, tá Comhairle Contae Lú ag bainistiú an tionscadail, ar bhonn gníomhaireachta thar ceann na Roinne Oideachais, i leith iarbhunscóil do 1,000 dalta a dhearadh agus a thógáil ar an láithreán in aice leis an mbunscóil chríochnaithe ar Bhóthar Bhaile Mhic Éinigh. Tá sé mar aidhm ag an iarbhunscóil seo freastal d'éileamh réamh-mheasta agus osclófar i Meán Fómhair 2014 í

Le linn na tréimhse céanna, osclaíodh nó tógadh áiteanna súgartha ag Dún Léire, ag Tulaigh Álainn, agus ag Baile an Ghearlánaigh agus cuireadh limistéar ilúsáide cluichí i gcrích laistigh de Pháircna gCreagacha Dubha.

## DEONTAIS TITHÍOCHTA

Thairg Comhairle Contae Lú deontais faoi Scéim Deontas na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar feadh roinnt míonna sa bhliain 2012. Tá siad liostaithe thíos.

	Uimh.	LUACH IOMLÁN
<b>Deontais Oiriúnaithe do Thithe</b> Deontais Oiriúnaithe do Thithe (íochta agus ceadaithe go críochnaitheach)	80	€1,218,744
<b>Áiseanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta</b> Áiseanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta - íochta	7	€28,798
<b>Deontais um Áiseanna Gluaisteachta</b> Deontais um Áiseanna Gluaisteachta (íochta agus ceadaithe go críochnaitheach)	5	€12,220
<b>IOMLÁN</b>	<b>212</b>	<b>€1,259,762</b>

## COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN- TITHÍOCHT

An Rannóg Tithíochta. – Staitisticí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

- Ag deireadh bliana Nollaig 2012 bhí 2,382 ar liosta tithíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan.
- B'ionann stoc na dtithe ag deireadh na bliana 2011 agus 1427.
- Fuarthas 1993 iarratas ar chothabháil an stoic thithíochta sa bhliain.

Tá Comhairle Baile Dhún Dealgan freagrach anois as aonaid léasaithe fadtéarmacha a fhoinsiú le haghaidh Contae Lú ina iomláine.

Tionscnamh rialtais is ea léasú fadtéarmach a fhéachann le slándáil tionachta fadtéarmach a sholáthar do dhaoine nach bhfuil an t-airgead acu chun an chóiríocht sin a sholáthar dóibh féin. Léasaítear réadmhaoín ón earnáil phríobháideach ar feadh tréimhse suas go 20 bliain.

Ráthaítear cíosanna ar feadh na tréimhse léasa ar fad ach tá siad faoi réir athbhreithnithe ag brath ar choinníollacha an mhargaidh. Tugtar na tithe sin ar léas do dhaoine atá ar liostaí feithimh tithíochta an údaráis áitiúil.

Is iad na buntáistí d'úinéirí réadmhaoine chónaithe a dteastódh uatha a réadmhaoín a léasú ar feadh 10 mbliana nó le cois:

- Cíos míosúil ráthaithe a bheith íochta roimh ré

- Ní chailltear cíós toisc an réadmhaoin a bheith folamh
- Níl aon bhuairt mar gheall ar bhainistiú nó cothabháil na réadmhaoine
- Ní gá don úinéir déileáil le saincheisteanna na dtionóntaí.
- Níl aon chostas fógraíochta ag gabháil leis
- Ní gá clárú leis an PRTB

Seo a leanas na figiúirí léasa ag deireadh mhí na Nollag 2012

Ceantar	Iarratais a fuarthas (aonaid)	An Líon atá fós á gcomhlíonadh	Ceadaithe/Cealaithe	An líon a léasaíodh
Comhairle Baile Dhún Dealgan	285	52	125	108
Comhairle Contae Lú	106	59	21	26
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	72	22	13	37
Iomlán	463	133	159	171

## Clár Rapid - DÚN DEALGAN

Bhí Clár Rapid Dhún Dealgan an-ghnóthach le bliain anuas, agus é dírithe ar lánpháirtíú, ar cheannaireacht agus ar infheistiú nua. Tríd an obair a rinne Foireann Fheidhmiúcháin Ceantair RAPID Dhún Dealgan tugadh roinnt beart chun críche sa dá cheantar RAPID i nDiméin Cox agus i Muirtheimhne Mór. Is iad na fóraim eile atá ag díriú go gníomhach ar bhearta lánpháirtíochta pobail i gceantair RAPID ná Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan agus an Grúpa Forbartha do Chiste Áiseanna agus Seirbhísí na nÓg, agus is é comhordaitheoir RAPID a éascaíonn an dá ghrúpa. Ar na príomhbhearta a cuireadh i gcrích sa bhliain 2012 bhí:

- Cuireadh tús le rolladh amach **an chórais phobail TCI** nua chun daoine a dhíspreagadh ó choireacht íseal-leibhéal agus ó iompar frithshóisialta i 2012. Soláthróidh sé fianaise a chabhróidh leis na húdaráis/leis an nGarda ciontóirí a ionchúiseamh. Cuid de chur chuige comhpháirtíochta le grúpaí áitiúla cónaitheoirí RAPID agus le Comhairle Baile Dhún Dealgan is ea an tionscadal TCI. Tugadh na hoibreacha infreastruchtúir ba riachtanach chun críche i rith 2012 agus feistíodh ceamaraí suite ag 7 suíomh i limistéir RAPID de thoradh orthu.
- **Fuarthas Cistiú caipitil spóirt chun trealamh aclaíochta** do dhaoine scothaosta a shuiteáil i bpáirceanna i gceantar RAPID, agus chun limistéar ilúsáide cluichí i nDiméin Cox a nuachóiriú tar éis damáiste a bheith déanta dó i ndóiteán. Tugadh an obair seo chun críche agus sheol an Clr. Marianne Butler an trealamh go hoifigiúil i Márta faoi choimirce Bhliain na hEorpa um

Dlúthpháirtíocht idir na Glúine. Thaispeáin grúpaí daoine scothaosta (Croí Óg) agus leanaí ón gceantar an trealamh i mbun oibre ag an seoladh.

- Thug FÁS an solas glas chun tús a chur le **tionscnamh nua áitiúil oiliúna i nDiméin Cox** chun tosú sa bhliain 2012. Bhuail grúpa stiúrtha ar a bhfuil grúpaí reachtúla/pobail le rannóg meán cruthaitheach DKIT chun clár oiliúna a cheapadh a bhainfidh leas as na féidearthachtaí a ghabhann le meáin chruthaitheacha do dhaoine óga a chónaíonn i gceantar RAPID. Ghlac FÁS leis an tionscnamh seo mar thionscadal píolótach agus cuireadh tús leis le linn na bliana.
- Tá **an Tionscnamh Áitiúil Oiliúna i Muirtheimhne Mór** ar siúl i gcónaí, ag díriú ar dhaoine óga idir 16 agus 25 bliain ar mian leo oiliúint chreidiúnaithe a fhail laistigh dá gceantar féin. Seo í an séú bliain den chlár a fhéachann le daoine óga a bhaint den bheochlár nó iad siúd a d'fhág an scoil go luath a earcú agus iad a chumhachtú le scileanna praiticiúla oiliúna, pearsanta agus acadúla.
- Reáchtáladh **campa Cásca Sacair Deirféar RAPID FAI** i bPáirc Oiriaila i laethanta saoire na Cásca agus d'fhreastail 30 cailín idir 7 agus 11 bhliain déag air. D'óstáil Ionad Iontaofa an tSlánaitheora campa samhraidh bliantúil Chumann Sacair na hÉireann, rud ar ghlac thart ar 60 leanbh páirt ann.
- Tháinig **coistí bainistíochta na n-eastát RAPID** le chéile ar bhonn ráithiúil i gcaitheamh 2012 de réir Bheartas Rannpháirtíocht Tionóntaí Údaráís Áitiúla Lú d'fhonn caidreamh dearfach a chothú idir na húdaráis áitiúla agus na pobail RAPID a bhfreastalaíonn siad orthu. Seoladh tionscnamh na dramhaíola téagartha arís i mbliana agus d'éirigh go han-mhaith leis arís.

## **Grúpa Forbartha Dhún Dealgan le haghaidh an Chiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga**

### **An Ciste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga**

Cuimsíonn Grúpa Forbartha Dhún Dealgan comhordaitheoir NERDTF, arb an cathaoirleach é, mar aon le comhordaitheoir RAPID Dhún Dealgan agus le hOifigeach Forbartha Óige an Choiste Ghairmoideachais. Tá Dún Dealgan ar cheann de na bailte a bhí ainmnithe mar Bhaile Nua; Fuarthas €8,000 ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige trí Chumann Sacair na hÉireann le haghaidh clár imeachtaí spóirt le linn 2012, clár a chuimsigh campaí cásca, samhraidh agus idirchultúrtha agus comórtais Futsal um thráthnóna a cuireadh ar siúl i gcomhar leis an nGarda Síochána.



***Campa Idirchultúrtha RAPID/an Chiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga arna réachtáil i bPáirc Oiriail***

### Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan

Grúpa idirghníomhaireachta is ea Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan a bhí curtha ar bun ag Comhairleoirí Bhaile Dhún Dealgan i 2007 agus is é freagairt an údaráis áitiúil do na drugaí atá ag scriosadh ár bpobal. Rinne an grúpa Ollscoil na Banríona, Béal Feirste a choimisiúnú chun tuairisc a chur le chéile maidir le mí-úsáid drugaí agus le soláthar seirbhísí drugaí i nDún Dealgan dar teideal "Feabhas a chur ar Fhreagairt an Phobail do Dhrugaí". Rinne **Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan** na 15 mholadh sa tuairisc a spíonadh agus tá sé ag cur **6 ghníomh tosaíochta** faoi chaibidil i láthair na huaire i dtaca le 2010-2013; cuimsíonn an saothar seo beartais a bhfuil géarghá leo ar nós beartais laghdaithe dochair, áiseanna tacaíochta níos fearr do theaghlaigh, grúpaí tacaíochta de réir inscne, agus áiseanna pobail agus cónaithe díthocsainithe/cóireála i nDún Dealgan. Baineadh amach roinnt de na beartais seo agus leanann an grúpa de theacht le chéile gach ré mí d'fhonn fadhb na ndrugaí a choinneáil i mbéal an phobail agus na gníomhaireachtaí reachtúla, pobail agus deonacha a choimeád páirteach.

### Príomhghnóthachtálacha

- De thoradh ar an athghiniúint shóisialta atá ag titim amach faoi chlár athghiniúna uirbí CBDD agus faoi chlár RAPID, fuarthas cistiú chun oibrí páirtaimseartha for-rochtana drugaí a fhostú le haghaidh limistéar RAPID Diméin an Choscaigh. **Is é ról an oibrithe seo ná tacaíocht dhíreach a chur ar fáil sa bhaile agus ar an tsráid d'úsáideoirí na seirbhíse agus dá muintir, daoine a chaithfidh plé le handúil sna drugaí.**
- Saoráid phobail nua **um dhíthocsú alcóil agus drugaí**- Tá tacaíocht tugtha ag Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan d'obair Sheirbhísí Comhairliúcháin TURAS agus do Chlann Shíomóin Dhún Dealgan i leith an tsaoráid nua seo a chur ar bun.

*Roinnt ball  
de Ghrúpa  
Gníomhaíochta  
Drugaí Dhún  
Dealgan*



### COMHAIRLE BUIRGE DHROICHEAD ÁTHA - TITHÍOCHT

Tá Rannóg na Tithíochta freagrach as tithe a sholáthar do dhaoine a dteastaíonn cóiríocht uathu agus nach féidir leo cóiríocht a sholáthar dóibh féin as a gcuid acmhainní féin. Tá 1,313 teach i stoc tithe Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus déanann an Chomhairle iad a chothabháil, plé le bainistiú eastáit, le hairgead cíosa a bhailiú, le haisíocaíochtaí iasachta, le tithe a dhíol faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí agus Incrimintigh, le hiasachtaí tithíochta a chur ar fáil, le deontais oiriúnaithe tithe agus le cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine den Lucht Siúil.

### **Iarratasóirí ar Thithe**

B'ionann líon na ndaoine a bhí ar an liosta tithíochta ag deireadh 2012 agus 2,144.

### **Straitéis Tithíochta**

Fuair Comhairle Buirge Dhroichead Átha **83** aonad trí Chlár Tithíochta na Comhairle um Tithíocht Shóisialta, Dheonach agus Léasaithe agus díoladh roinnt tithe faoin Scéim Cheannaigh Incrimintigh.

**83** aonad mar seo a leanas:

31 aonad shóisialta ag Cúirt Bhuithe, Meille

19 aonad faoin Scéim Cheannaigh Incrimintigh ag Cúirt Bhuithe, Meille

12 aonad léasaithe fhadtréimhsigh ag Cúirt Cois Abhann, Sráid Eoin – Tuath Housing

15 aonad dheonacha ag Halla na nAlbanach, Droichead Átha – Tuath

6 aonad léasaithe fhadtréimhsigh arna bhfáil ó úinéirí príobháideacha tithe.

### **Cothabháil agus Feabhsú an Stoic Tithíochta:**

Bhí ár stoc tithe ar cíós (1,313 teach) cothabháilte agus deisithe le linn na bliana. I 2012, tuairiscíodh 2,029 glao cothabhála agus tugadh faoi oibreacha cothabhála dá mbarr. Rinneadh obair dheisiúcháin agus rinneadh 62 teach fholamha a athliger ar cíós. Feistíodh an téamh lárnach i 20 teach agus feistíodh fuinneoga agus dorais nua i 37 teach eile.

### **Tithe Nuathógtha – Aonaid Shóisialta agus Aonaid de chuid na Scéime Ceannaigh Incrimintigh**

Thug conraitheoirí 50 teach nua chun críche thar ceann CBDÁ ag Cúirt Bhuithe, Meille i 2012. Rinneadh 31 ceann de na haonaid seo, 15 árasán agus 3 bhungaló do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu ina measc, a leithdháileadh ar dhaoine incháilithe a bhí ar liosta feithimh tithíochta na Comhairle. Rinne 108 iarratasóir



iarratas ar theach a cheannach faoin Scéim Cheannaigh Incrimintigh agus, tar éis iad a mheas, díoladh 19 dteach le daoine incháilithe agus cáilithe faoin scéim seo.

Leithdháileadh na 31 aonad shóisialta uile i 2012 agus bhí an chuid ba mhó de na tionóntaí ina gcónaí sna tithe faoi Nollaig 2012. Tugadh 9 gceannach incriminteacha chun críche i 2012.

### **Fáil Tithe**

Ní bhfuair CBDÁ aon aonad i 2012.

### **An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) / Léasú Fadtréimhseach**

Chuaigh Údaráis Áitiúla Lú i mbun idirbheartaíochta le tiarnaí talún i gcaitheamh 2012 d'fhonn tithe feiliúnacha a bhogadh ó léasanna faoin Scéim Cóiríochta Cíos go dtí conarthaí léasaithe fhadtréimhsigh. Baineadh 8 dteach amach as an Scéim Cóiríochta Cíos le linn 2012, agus cuireadh 6 chonradh léasaithe fhadtréimhsigh ar bun dá éis sin. Anois i nDroichead Átha, tá 64 aonad phríobháideacha ann atá faoi choimirce na Scéime Cóiríochta Cíos agus 36 aonad dheonacha.

### **Tithíocht Dheonach / Léasú Fadtréimhseach**

Oibríonn an Chomhairle as láimh a chéile le Cumainn Tithíochta ar bhonn leanúnach chun tithe a chur ar fáil tríd an gclár léasaithe agus i dtaobh bainistíocht na dtithe thar ceann na Comhairle. I 2012, ghlac CBDÁ 12 árasán ar léas ag Sráid Eoin, agus ghlac Tuath Housing 15 árasán eile ag Halla na nAlbanach, Droichead Átha. Is é Tuath Housing atá ag bainistiú na n-aonad uile. Leithdháileadh na hárasáin seo ar dhaoine incháilithe a bhí ar liosta feithimh tithíochta CBDÁ. Tá CBDÁ i mbun idirbheartaíochta faoi láthair i dtreo 4 árasán eile a fháil i Halla na nAlbanach, Droichead Átha le haghaidh cóiríocht a sholáthar do dhaoine gan dídean. Tá sé beartaithe go dtógfar 20 teach ag Faiche na Mónadh Móire, rud a bheidh bainistithe ag North and East Housing Association Teo.

Fuarthas 6 aonad léasaithe fhadtréimhsigh ó úinéirí príobháideacha tithe i rith 2012. Tá na haonaid seo faoi réir léas 20 bliain agus leithdháileadh ar iarratasóirí incháilithe a bhí ar liosta feithimh tithíochta CBDÁ iad i 2012.

### **Tithe Beartaithe**

Tá tosaithe ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus ag North and East Housing Association Teo. an próiseas chun conraitheoirí a cheapadh i leith 25 teach a thógáil le ligean ar léas ag Faiche na Mónadh Móire. Beidh 5 cinn de na haonaid seo ina dtithe do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá Comhairle Baile Dhún Dealgan fós ag fáil aonad faoin scéim léasaithe fhadtréimhsigh trí dhul i mbun idirbheartaíochta le húinéirí tithe príobháideacha i nDroichead Átha. Is é CBDÁ a leithdháilfidh na haonaid seo ar iarratasóirí incháilithe atá ar an liosta feithimh tithíochta. Tá CBDÁ i mbun idirbheartaíochta chomh maith faoi láthair i dtreo 4 árasán a fháil ag Halla na nAlbanach, Droichead Átha le haghaidh cóiríocht a sholáthar do dhaoine gan dídean.

### **Oibreacha Oiriúnaithe le haghaidh tithe atá ann cheana**

In 2012, fuarthas thart ar €68,770 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le



caitheamh ar oibreacha DPG agus b'ionann an tsuim iomlán a caitheadh ar oibreacha DPG i rith 2012 agus €91,593. Chuimsigh an tsuim seo 11 chineál éagsúla oibre. Chuimsigh na hoibreacha seo 2 shíneadh, oiriúnuithe seomraí folctha, rampaí, ráillí, cathaoireacha staighre, srl.

*Oibreacha sínidh agus oiriúnaithe ag Páirc Mhuire*

### **An Lucht Siúil**

Le linn 2012, tugadh cóiríocht do 3 theaghlach faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009 – 2013. Tá 80 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí i limistéar riaracháin Dhroichead Átha faoi láthair.



*Páirc San Antaine,  
Bóthar na  
Stroighne,  
Droichead Átha –  
Grúpscéim  
Tithíochta*

## **Scéimeanna Ceannaigh ag Tionóntaí**

**Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí ar Théarma Seasta 2011** – Bhí ar iarratasóirí ar an scéim seo a n-iarratais a chur isteach chuig CBDÁ faoi Nollaig 2012. Síneadh na dátaí deiridh uile i ndáil leis na díolacháin seo a chríochnú ó Mhí na Samhna 2012 go dtí Mí an Mheithimh 2013. Bhí an Scéim dírithe ar thionóntaí fadtréimhseacha agus bhí sé oscailte do thionóntaí incháilithe a bhí i seilbh tionóntachta le CBDÁ le 10 mbliana anuas nó ní ba mhó. B'ionann an lascaine a bhí ar fáil agus 3% le haghaidh gach bliain na tionóntachta, suas le 45% ar a mhéad. Fuarthas **73** iarratas ar an iomlán agus tugadh **19** díolachán chun críche i gcaitheamh 2012. Tá **5** díolachán eile le próiseáil i 2013.

## **Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí 1995**

Bhí an scéim seo ar fáil dóibh siúd nach raibh i dteideal iarratas a dhéanamh ar an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí ar Théarma Seasta. B'ionann an lascaine a bhí ar fáil agus 3% le haghaidh gach bliain na tionóntachta, suas le 30% ar a mhéad. Deonaíodh lascaine bhreise de €3,809 chomh maith. I 2012, fuarthas **30** iarratas ar an scéim seo ar an iomlán agus tugadh **3** díolachán chun críche dá éis sin. Tá 29 díolachán den chineál seo le próiseáil i 2013.

*Rachaidh an dá Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí in éag i 2013.*

## **Iompraíocht Fhrithshóisialta**

Rinneadh imscrúdú ar 132 gearán a rinneadh faoi iompraíocht fhrithshóisialta le linn 2012. Eisíodh 37 rabhadh ó bhéal agus 27 rabhadh i scríbhinn. Níor diúltaíodh d'aon duine a raibh teach le leithdháileadh air de dheasca na hiompraíochta fhrithshóisialta. Tugadh 3 theaghais ar ais don Chomhairle i rith na bliana tar éis gníomh iompraíochta fhrithshóisialta a thitim amach.

## **Bainistíocht Eastáit**

I 2012, d'oibrigh CBDÁ as láimh a chéile le grúpaí cónaitheoirí ar roinnt bealaí éagsúla d'fhonn a n-eastáit a choinneáil faoi dhea-bhail. Rinneadh in éineacht le Comhordaitheoir RAPID agus leis an Oifigeach Teagmhála Tionóntaí araon é seo. I measc na n-oibreacha a rinneadh i gcaitheamh 2012, bhí glanadh eastát a éascú agus a thacú, oibreacha tírdhreachta, dúnadh pasáistí nuair ba riachtanach agus tacú le gníomhaíochtaí pobalbhunaithe ar nós laethanta spraoi do theaghlaigh. Thug an fhoireann tithíochta faoi phróiseas iniúchtaí tithe chomh maith chun a chinntiú go mbíonn tithe de chuid na Comhairle á gcothabháil de réir caighdeán oiriúnach agus chun tacaíocht a thabhairt do thionóntaí nuair atá gá le feabhsúcháin. Tugadh isteach iniúchtaí iar-leithdháilte tionóntachtaí le linn 2012, rud a chiallaíonn go ndéantar iniúchadh ar gach teaghais nua de chuid na Comhairle laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis a leithdháilte.

## **Airgeadas**

Figiúirí Airgeadais Comhairle Buirge Dhroichead Átha (Neamhiniúchta)

Ba é €4,648,308 an Caiteachas Iomlán Fáltais sa bhliain 2012

Bá é €3,200,000 an Caiteachas Iomlán Caipitil sa bhliain 2012

## Clár Rapid - DROICHEAD ÁTHA

### Infreastruchtúr Pobail

- **BÚMARANG: Seirbhís Aonionaid don Ógra:** Bliain an-tábhachtach ba ea an bhliain 2011/2012 ó thaobh fhorbairt an tionscadal seirbhíse don ógra darb ainm BÚMARANG. Thug Comhairle Buirge Dhroichead Átha léasacht Sheanleabharlann Carnegie d'Fhorbairt Ógra Dhroichead Átha. Tá léirithe ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha arís a tiomantas do sheirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt i nDroichead Átha. Tá an tsaoráid seo le hoscailt i mBealtaine 2012.

Mar bheart leanúnach i 2012 i dtreo tithe pobail a dhéanamh inmharthana le húsáid mar ionaid seirbhísí, rinneadh Teach Gardaí na Bóinne agus Teach Pobail na Mónadh Móire a athdhearadh chun fairsingiú an Chlub Iarscoile, ar Chlub é a bhfuil gradaim bainte amach aige, a éascú. Bhí athchóiriú Theach Pobail na Mónadh Móire maoinithe ag an gCiste Infheistíochta Náisiúnta Leanaí

Cuireadh Staidiam an Athar Kevin Connolly Lourdes i gcrích i mbliana chomh maith. Is é an staidiam ceann de na tionscadail a bhain leas as ciste gearáilte RAPID agus as moladh Fhoireann Feidhmithe Ceantair RAPID ag tús an chlár. Tá Cuibhreas Bainistíochta ar bun anois chun Lárionad Pobail Dhroichead Átha (FoirgneamhCocaCola) a bhainistiú

- **Deontais Caipitil Spóirt:** In 2012, d'éirigh le 5 cinn de na 10 n-eagraíocht a bhí ag lorg tacaíochta sa bhabhta ba dhéanaí de na Deontais Chaipitil Spóirt: an faiche bollí a bheidh suite ag Staidiam an Athar Kevin Connolly Lourdes, athchóiriú Lárionad Pobail Droichead Átha, Chlub Dornálaíochta Amaitéaraí Dhroichead Átha agus Chlub Leadóige Phóil

- **Daoine Óga:**

D'éirigh go maith le Seachtain na Rothar 2012 agus ghlac 8 scoil páirt inti. Bhí an t-imeacht seo dírithe ar an tSábháilteacht ar Rothair agus tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil borradh ag teacht i líon na dtuismitheoirí agus na leanaí atá feasach ar an ngá le rothair a choinneáil faoi dhea-bhail.

In Iúil a sheol CABLE a Leabhrán maidir leis an bPiaroideachas dar teideal "Déan an Rogha Cheart". Tá an leabhrán seo ina gcuid dá chlár leanúnach i dtaca le hoideachas faoi mhí-úsáid substaintí. Chomh maith leis sin, bhí CABLE roghnaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt le haghaidh athbhreithniú suímh i 2012.

Chuir an Cumann Náisiúnta Drámaíochta don Ógra clár oiliúna 6 mhí i gcrích. Bhí sé seo ar cheann de na 4 chlár phíolótacha náisiúnta a raibh mar aidhm acu oiliúint a chur ar oibríthe don ógra chun cur ar a gcumas clár drámaíochta a chur ar fáil do dhaoine óga go díreach. Cuireadh oiliúint at 14 oibrí don ógra de chuid DYD, CABLE, BOYNE agus Southside Youth. Tá an tionscnamh seo maoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar bhonn náisiúnta, chomh maith le leithdháileadh beag ó bhuiséad Chlár RAPID.

➤ **Timpeallacht Fhisiceach:**

Mar chuid de chlár leanúnach i leith spásanna atá in anchaoi a athghiniúint d'fhonn gníomhú in aghaidh na hiompraíochta frithshóisialta agus chun mórtas ceantair a athbhunú i Ráth Maoláin agus sa Mhónaidh Mhór, thóg tionscadal darb ainm SLAP (Spás Fágtha i ndiaidh na Pleanála) céim amháin eile chun tosaigh i 2012 agus tugadh faoi dhá phársa oibre shuntasacha i Ráth Maoláin agus sa Mhónaidh Mhór.

Tionscnamh nua de chuid Theach Pobail Ráth Maoláin is ea RAPID faoi Bhláth agus comhlánóidh sé athghiniúint na hailte. Thug cónaitheoirí cuairt ar Gharraí Pobail na Gaillimhe. Níl na tionscadail seo bainistithe ach ag oibrithe deonacha agus tá sé beartaithe an t-eolas seo a úsáid chun spás garraí a fhorbairt i Ráth Maoláin le linn 2013, rud a choinneofar an obair i Ráth Maoláin.

➤ **Grúpa Oibre Oiliúna agus Oideachais RAPID:**Ag an Lá Oscailte a reáchtáladh an 17 Bealtaine, bhí seastáin ag 25 eagraíocht ag Halla na nAlbanach. (LES, Coimirce Shóisialta, Coláiste Uí Fhiaich, Institiúid Bhreiseoideachais Dhroichead Átha, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Comhar Creidmheasa Dhroichead Átha, MABS, SOSAD, ESLO, Tionscnamh Oiliúna Dhroichead Átha, Focus Your Future, Ionad Acmhainne Dhroichead Átha, Clubanna Post, Ceardlann Oiliúna Pobail, YAP, Coiste Gairmoideachais Chontae Lú, Comhpháirtíocht LEADER Lú, Bord Fiontair Contae Lú, an Grúpa Forbartha Stíl Mhaireachtála. Youthreach agus Cóitseáil C&A, Seirbhísí Infhostaitheachta, Seirbhísí Ord Mhálta, Foireann Phobail Drugaí agus Alcóil Lú. Bhí an chuid ba mhó den aiseolas a fuarthas i ndáil leis an lá an-dearfach ar fad

➤ **Sláinte:** Le linn 2012, rinne an tAonad um Chur Chun Cinn na Sláinte, i gcomhar le Tithe Pobail agus le RAPID, Clár Bainistithe 'Coime', Oiliúint Cainte Sábháilte maidir leis an bhfhéinmharú a chosc agus clár scortha ón gcaitheamh a reáchtáil mar aon le go leor gníomhaíochtaí eile a raibh baint acu leis an tsláinte agus leis an gothú.

➤ **Tacaíocht Teaghlaigh:**Cuireadh an Dara Clár um Theaghlaigh a Neartú i gcrích agus seoladh 'Clocha Cora i dtreo na Scoile Móire' i nDún Dealgan chomh maith. (Maoiniú: An Choimirce Shóisialta agus Comhairle Contae Lú) Tá an clár seo dírithe ar na naíonáin uile a fhreastalaíonn ar naíolanna i gceantair RAPID. Tá sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do thuismitheoirí agus na leanaí ag déanamh an athraithe ón naíolann go dtí an scoil mhór. Ba é Coiste Cúram Leanaí Lú an ghníomhaireacht a bhí i gceannas ar an gclár seo. Tugadh obair an Fhoghrúpa Tacaíochta do Theaghlaigh de chuid an Choiste Seirbhísí do Leanaí chun críche i 2012 le hiniúchadh ar sheirbhísí do leanaí. Ba é Droichead Átha an chéad áit sa Chontae inar seoladh clár 'Incredible Years' agus tá sé ag dul ó neart go neart ó shin. Anois, tá sé curtha i ngníomh i roinnt scoileanna neamhainmnithe chomh maith.

➤ **OIDEACHAS**

D'éirigh go han-mhaith leis an tionscadal 'Droichead Átha ag Comhaireamh'. Bhí an clár seo ceaptha chun daoine óga agus a muintir a spreagadh chun dul i ngleic leis an matamaitic. Reáchtáladh an clár seo i gcomhar leis an nuachtán

Drogheda Leader, áit ar cuireadh an chuid ba mhó de na freagraí ar na ceisteanna mata ar fáil do ní ba mhó na 5,000 leanbh trí fhoilseachán ar leith. Mar aon leis an airgead a thug an Chomhairle don tionscnamh, ghlac Coiste Gairmoideachais Chontae Lú agus Seirbhís na Leabharlanna páirt lárnach san fhoilseachán agus a inneachar a fhorbairt. Chuir Comhpháirtíocht LEADER Lú maoiniú ar fáil chomh maith. Léirigh sé an chaoi a bhféadtar leas a bhaint as comhoibriú idirghníomhaireachta chun an toradh is fearr is féidir a bhaint amach.

Bhí 100 scoil páirteach i nithe a chur ar fáil le cur i dtaisceadán todhchaí i dtaca le Droichead Átha 600 a cheiliúradh agus ghlac 3 ghlúin de 12 theaghlach páirt i d tionscnamh 'Taobh Eile' Dhroichead Átha chun an chomhcheangailteacht shóisialta idir an dá thaobh den Bhaile a léiriú trí ghlúine pósta thar anmBóinn. Ba í an bhliain 600 an bhliain a aontaíodh Droichead Átha ó thaobh na polaitíochta de.

## Iompar & Muirí

*‘To maintain a high quality road network that supports and facilitates a modern transportation system that is accessible, safe, smart and integrated and which responds to the needs of the people of the county.’*

### IOMPAR

- Rinneadh athmheas ar struchtúr an limistéir chun feidhmeanna de chuid Chomhairle Uirbeach Dhún Dealgan agus Chomhairle Buirge Dhroichead Átha a chomhcheangal le hÚdarás Áitiúla Lú, agus cuireadh an tAonad Tacaíochta Bóithre ar bun chun freastal ar an struchtúr limistéir úr agus chun an fheidhm deartha bóithre a bhainistiú thar ceann Údarás Áitiúla Lú.
- Cothabháil Gheimhridh - Bhí orainn plé le drochaimsir ag tús na bliana agus d'éirigh linn na príomhbhealaí a choimeád ar oscailt. Tá ardmholadh ag dul don fhoireann ceantair agus don fhoireann amuigh as an tsáriarracht a rinne siad nuair a bhí an staid go holc.
- N53 – Cuireadh oibreacha i gcrích ar stráice bóthair 3 chiliméadar ar fhad idir Baile Nua Dealgan agus Baile Bharúin.
- Fuarthas cead pleanála i ndáil le Droichead Chaol Uisce mar aon le faomhadh an mhaoinithe ón gComhlacht um Chláir Speisialta de chuid AE. Táthar fós ag fanacht ar fhaomhadh deiridh an mhaoinithe.
- Lean ceannach na dtailte le haghaidh Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia.
- R178 idir an Cabhán agus Dún Dealgan - Forbraíodh an Dréachthearadh Tosaigh.
- N51 – an Ghráinsigh Bhig: Tugadh athailíniú stráice 1 chiliméadar den N51 chun críche in Aibreán.
- N52 – Seachbhóthar Bhaile Átha Fhirdhia: Cuireadh na conarthaí seandálaíochta, topagrafacha agus imscrúdaithe láithreáin i gcrích.



- R166 – Tigh Líobáin: athailíniú an acomhail
- R169 – Athailíniú Chrosaire an Lána Nua
- N33 – Acomhal Thigh Beannáin, leathnú an bhóthair agus na lánaí casta ar dheis
- Crosaire Bhéilinn, sábháilteacht ar ísealchostas
- Cuireadh soilse tráchta isteach ag Acomhal Ghleann na Bóinne, R123
- Cuireadh bearta moillithe tráchta i bhfeidhm i roinnt eastáit chónaitheacha agus ag Geata Rí an Domhnaigh, Droichead Átha.

- Cuireadh cosán nua agus bearta sábháilteachta eile i bhfeidhm i gcomhar le Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus le Comhairle



Contae na Mí ar Bhóthar Phlaitín d'fhonn inrochtaineacht a fheabhsú do choisithe ó eastát tithíochta Avourwen.

- Bóthar Bhaile Chotlair – atreisiú an chlaífoirt agus oibreacha athdhromchlaithe bóthair
- Oibreacha athdhromchlaithe bóthair ar phríomhbhealach náisiúnta N2 idir Beal Átha Claonta agus Ráth Óraí.

*Lena chois sin, rinne an Rannóg Iompair*

- cóiriú dromchla agus/nó neartú ar 122 km de bhóithre áitiúla agus ar 25 km de bhóithre réigiúnacha;
- Críochnaíodh 2 Scéim Feabhsúcháin Áitiúil;
- Críochnaíodh 2 Scéim Ranníocaíochta Áitiúla;
- Críochnaíodh 5 Scéim um Fheabhsú Sábháilteachta ar Bhóithre Náisiúnta agus 4 Scéim ar Bhóithre Réigiúnacha;
- Tógadh 1 eastát tithíochta amháin i gcúram.
- Leanadh den chlár sábháilteachta ar bhóithre trí Chlár Lú um Chosc ar Imbhualtí, Sirriam an Chríos Sábhála, agus comhar le hócáidí an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Coimeádadh a chreidiúnú faoi chóras bainistíochta comhshaoil ISO 14001.

## MUIRÍ

- Glanadh na píobaí sciúrtha i gCuan Áth na gCasán
- Tugadh an staidéar ar Chlaífort Bhaile na Lorgan chun críche.

## Comhairle Buirge Dhroichead Átha

### Iompar agus Muirí

Leanadh d'atheagrú Údaráis Áitiúla Lú agus cónascadh ceantar tuaithe Lú Theas le Comhairle Buirge Dhroichead Átha chun limistéar oibríochta nua a bhunú. De bhreis ar an gclár cothabhála geimhridh, seachaid an limistéar nua an clár bliantúil oibreacha bóthair chomh maith. I measc na n-oibreacha athchóirithe ar tugadh fúthu, bhí clár cóirithe dromchla sa cheantar tuaithe, athdhromchlú in eastáit chónaitheacha, mar aon le méid mór deisiúchán ar chosáin sa bhaile. Cuireadh isteach soilse tráchta ag Acomhal Ghleann na Bóinne R123 faoin gclár bearta sábháilteachta ar ísealchostas agus rinneadh Crosaire Bhéilinn agus Crosaire an Bhaile Nua a uasghrád. Cuireadh bearta moillithe tráchta i bhfeidhm i roinnt eastáit chónaitheacha agus ag Geata Rí an Domhnaigh. Cuireadh cosán nua agus bearta sábháilteachta eile i bhfeidhm i gcomhar le Comhairle Contae na Mí ar Bhóthar Phlaitín d'fhonn inrochtaineacht a fheabhsú do choisithe ó eastát tithíochta Avourwen.

## Seirbhísí Uisce, Comhshaoil & Éigeandála:

*‘Chun soláthar a dhéanamh le haghaidh seirbhísí uisce agus dramhaíola ar ardchaighdeán chun riachtanais forbartha an chontae a chomhlíonadh agus an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna.’*

### **SEIRBHÍSÍ UISCE**

#### **Caomhnú Uisce**

Tá an tionscadal caomhnaithe uisce ar chéim 3 anois, ar céim í a chuimsíonn oibreacha athshlánaithe príomhlíonra uisce i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha. Tá an t-imscrúdú láithreáin á dhéanamh faoi láthair agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an tógáil i lár 2013. Is ionann an buiséad iomlán le haghaidh na scéime agus €7.49 milliún agus tá sé measta go ndéanfar thart ar 26 ciliméadar den phríomhlíonra uisce a athshlánú.

Tá an tionscadal seo arna mhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ag Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010-2012 (CISU).

Mar chuid den chlár leanúnach um brath sceití, tá bainte amach laghdú suntasach ar an méid uisce a chailltear de thoradh ar bhrath dírithe sceite i gceantair tosaíochta éagsúla ar fud an chontae.

#### **Táillí uisce**

Déanann Comhairle Contae Lú gach oibríocht a ghabhann le billeáil custaiméirí neamhtheaghlaigh a bhainistiú go hiomlán anois ar bhonn contae uile. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le sceitheadh agus cur amú uisce a laghdú do chustaiméirí agus tá naisc nach raibh taifeadta roimhe á n-aimsiú agus á rialtú i gcónaí.

#### **Fuíolluisce**

Fuarthas Deimhniú Gléasra Cóireála Uisce Fuíll le haghaidh Ceadúnas Scéimeanna Thigh an Iúir, Uí Mhéith, an Ghrianfoirt agus Áth na gCasán. Rinneadh dul chun cinn teoranta ar chóireáil fheabhsaithe chun leibhéil Fosfáite agus Níotráite i scaoilí a laghdú in ionad cóireála fuíolluisce Dhún Dealgan. Tugadh Réamhthuarisc ar scéim shéarachais Ó Méith chun críche agus cuireadh aighneachtaí deiridh le haghaidh Scéim Séarachais Bhaile Átha Fhirdhia faoi bhráid na Roinne.

Rinneadh staidéar cuimsitheach líonra i nDroichead Átha agus aibhsíodh roinnt saincheisteanna nár mhór díriú orthu.

Rinneadh oibreacha suntasacha athchóirithe in Ionaid Fuíolluisce Dhroim Ineasclainn, Thigh an Iúir, Cheann Chlochair agus Chairlinn agus cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ag Tulach Álainn agus ag na Creagach Dubha. Déanfar tuilleadh oibreacha ar stáisiúin chaidéalúcháin Áth na gCasán, Bhaile Trá, Thearmann Feichín agus Cheann Chlochair i dtreo dheireadh 2013.

#### **Uisce**

Rinneadh móroibreacha uasghrádaithe ar an gcóras scagacháin ag ionaid chóireála uisce Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhroim Chatha agus ceapadh comhairligh chun dearadh mionsonraithe a dhéanamh le haghaidh Soláthar Uisce Tuaithe Chuaille -

Soláthar Uisce Uí Mhéith agus tá súil le tús a chur leis na hoibreacha tógála sa dara leath de 2013. Tá an phleanáil ar siúl do Chéim 2 d'oibreacha Steach Luíne agus tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an gcéim tógála ag tús 2013.

Tá an dara céim de sholáthar an naisc idir Cnoc an Chabháin agus Baile an Tallúnaigh le tosú i 2013, rud a chuirfear in áit Ionad Cóireála Bhaile an Tallúnaigh de bharr go bhfreastalóidh oibreacha cóireála fuíolluisce Chnoc an Chabháin ar an limistéar soláthair ina iomláine.

### ***Bainistíocht fuinnimh***

Rinneadh dul chun cinn breise ar bhainistíocht fuinnimh nuair a suiteáladh córais bhainistíochta i roinnt stáisiún pumpála chun éifeachtacht iomlán a mhéadú. Tá an Chomhairle i bpáirt le roinnt gnóthas san earnáil phríobháideach chun córas rialaithe nua a cheapadh a dhéanadh barrfheabhsú ar ídiú fuinnimh agus ar chumas gléasra. Tá trialacha ar siúl in ionad cóireála uisce Dhroim Ineasclainn an t-am ar fad.

### ***Bainistíocht Sócmhainní***

Tá Clár Bainistíochta Sócmhainní Invista i bhfeidhm go hiomlán anois i roinnt ionad cóireála uisce agus críochnófar an rolladh amach go dtí ionaid eile sa bhliain 2013. Forbraíodh an réiteach seo bunaithe ar an nGréasán mar chuid de thionscnamh trasteorann le cuideachta áitiúil agus soláthraíonn sé tacaíocht bhainistíochta chun a chinntiú go mbeidh cláir éifeachtacha cothabhála i bhfeidhm agus chun tús áite a thabhairt d'obair dheisiúcháin agus d'athsholáthar sócmhainní. Rinneadh trialacha sa chlár i Lú agus i Luimneach ar an gcéad dul síos agus tá sé á mhargú anois go rathúil i ndeisceart na hAfraice agus sna Stáit Aontaithe.

## **AN COMHSHAOL**

### **Bainistíocht Dramhaíola**

Lean Comhairle Contae Lú d'obair as láimh a chéile leis na húdaráis eile sa réigiún d'fhonn spriocanna de Phlean Bainistithe Dramhaíola an Oirthuaiscirt a bhaint amach. Ghlac Comhairle Contae Lú agus contaetha eile sa réigiún thoir thuaidh páirt i dTuarascáil Measúnachta maidir le Plean Bainistithe Dramhaíola an Oirthuaiscirt a chur le chéile. Cuireadh an tuarascáil seo faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i Nollaig 2012. Tugtar le fios i dtáta na Tuarascála Measúnachta go bhfuil gá le Plean Bainistithe Dramhaíola nua. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an obair chun Plean Bainistithe Dramhaíola nua a dhréachtú i 2013.

### **Athchúrsáil**

Baineadh amach torthaí iontacha ó thaobh na hathchúrsála de i 2012. Tugadh faoi thionscnaimh íoslghdaithe dramhaíola agus athchúrsála in éineacht le grúpaí pobail agus le scoileanna agus ba é Green Home Green Fair sna Creagacha Dubha i Mí na Nollag an ceann ba iomráití. Seoladh mórchlár nua athchúrsála éadaí le haghaidh iarbhunscóileanna darb ainm 'Trashion' le linn Seachtain Náisiúnta na hAthchúrsála, i dteannta comórtas dealbhaithe le cannaí a bhí dírithe ar iarbhunscóileanna chomh maith. Cuireadh an scéim an-rathúil um athchúrsáil cadhnraí i ngníomh i ngach bunscóil sa chontae agus cuireadh imeacht mór agus seó faisean fuíolllearraí leictreacha ar siúl i mí na Nollag i Scoil Dhroim Ineasclainn chun béim a leagan ar athúsáid agus ar athchúrsáil éifeachtach.

### **Láithreán Líonta Talún na hAbhann Báine**

D'oibrigh an tsaoráid líonta talún de réir na gcoinníollacha arna leagan amach sa cheadúnas ó GCC le linn 2012. Tháinig oifigigh de chuid na Comhairle agus cónaitheoirí áitiúla le chéile ar bhonn rialta chun dea-chleachtas a chinntiú ó thaobh bhainistiú an láithreáin de.

Tháinig laghdú ar an méid dramhaíola a seachadadh go dtí an láithreán líonta talún de dheasca an chúlaithe sa gheilleagar agus líon na roghanna eile diúscartha dramhaíola atá ar fáil ar praghsanna iomaíocha. Tá laghdú tagtha ar ioncam ón diúscairt dramhaíola chomh maith dá bhrí sin. Cinneadh go gcuirfear deireadh le líonadh talún ag an Abhainn Bhán a luaithe a bheidh cealla de chuid Chéim a Cúig tugtha chun críche. Tá an Chomhairle ag súil go dtitfidh sé seo amach sa dara leath de 2013.

Tá pleananna tugtha chun críche ag an gComhairle le haghaidh saoráid dramhaíola go fuinneamh ag Láithreán Líonta Talún na hAbhann Báine. Bainfear úsáid as an ngás líonta talún chun leictreachas a ghiniúint, rud a aistrefar chuig an ngréille náisiúnta é. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an tionscadal in Eanáir 2013 agus go gcuirfear i gcrích é i Meitheamh 2013.

### **Forfheidhmiú Comhshaoil**

Lean Comhairle Contae Lú de bheith ag forfheidhmiú na reachtaíochta comhshaoil go gníomhach. Lean an Rannóg Comhshaoil d'údaruithe cuí a eisiúint faoin reachtaíocht chomhshaoil.

Cúig phríomhréimse a chlúdaíonn forfheidhmiú na reachtaíocht comhshaoil: dramhaíl, bruscar, uisce, aer agus torann.

Ar áireamh san fhorfheidhmiú dramhaíola bhí cigireachtaí agus iniúchtaí ar áiseanna dramhaíola ceadúnaithe, ar theastais cláraithe agus ar shealbhóirí ceadanna bailithe dramhaíola.

Tá oibríochtaí ilghníomhaireachta cuí ar siúl i gcónaí. Déantar seicphointí bóthair i gcomhar leis an nGarda Síochána agus leis an Oifig Náisiúnta um Sheoladh Dramhaíola thar Teorainneacha. Rinneadh gearáin a fuarthas a imscrúdú agus tionscnaíodh imeachtaí dlí nuair b'iomchuí. D'éirigh le hiarrachtaí ionchúisimh faoin Acht um Bainistíocht Dramhaíola 1996 arna leasú.

Áiríodh ar fhorfheidhmiú dramhaíola cigireachtaí chun géilliúlacht do reachtaíocht um fhreagracht táirgeora a chinneadh, lena n-áirítear an Tobhach Málaí Plaisteacha; An Tobhach ar Phlaisteach Feirme; Feithiclí Deireadh Saoil; Pacáistiú; WEEE; Rialacháin Batairí agus Bonn.

Uair amháin eile, caitheamh lear mór airgid sa bhliain 2012 ar láimhsiú agus ar dhiúscairt fotháirgí a bhain le gníomhaíochtaí um neachtlanú mídhleathach díosail i gceantar na teorann. Mhéadaigh líon na nglantachán riachtanach ón ngníomhaíocht seo i Lú ón mbliain 2010.

Ar na gearáin chomhshaoil eile a fuarthas bhí gearáin maidir le torann, truailliú aeir agus truailliú uisce agus imscrúdaíodh iad agus tionscnaíodh imeachtaí dlí má ba chúil. Cuirtear cigireachtaí agus iniúchtaí ar cheadúnais scaoileadh eisilteach i gcrích

de réir plean a cuireadh ar aghaidh chuig an EPA (An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil) ar bhonn bliantúil.

### **Bainistíocht Bruscair**

Lean na 3 údarás bruscair sa chontae d'fhorálacha den Acht um Thruailliú ó Bhruscar a fhorfheidhmiú i gcaitheamh na bliana agus d'eisigh siad 401 fíneáil. Cuireadh cur chuige réamhghníomhach i bhfeidhm chomh maith i bpáirt leis an gcur chuige forfheidhmithe seo trí shraith tionscnaimh feasachta ar fhadhb an bhruscair, trí chuairteanna ar scoileanna agus trí thacaíocht don Ghlantachán Náisiúnta Earraigh, rud inar bhuaib breis is 4,000 oibrí deonacha i Lú an bóthar chun an contae a ghlanadh suas. D'éirigh go han-mhaith le tionscnamh eile chun Bealach Amach 14 ón M1 a ghlanadh suas, rud ina raibh baill de Choiste Lú Chomórtas na mBailte Slachtmhara agus daoine eile a thaistil ó fud fad an chontae páirteach. Cuireadh mórthionscnamh feasachta ar an salú ag madraí ar bun d'fhonn béim a leagan ar na himpleachtaí sláinte agus chun a aibhsiú gurb ionann an salú ag madraí agus caitheamh bruscair, fadhb is oth linn a rá atá fós forleathan ar fud an chontae.

### **An Clár Vacsaínithe Scoile**

Bhí **72 Bratach Ghlas** ar foluain ar fud an chontae amhail ag deireadh na bliana, rud a léirigh na cláir iontacha bainistithe bruscair agus dramhaíola atá ar bun timpeall an chontae. Mar chuid den phróiseas, tá ag roinnt mhaith de na scoileanna Pleananna Bainistithe Fuinnimh, Caomhnaithe Uisce, agus Taistil Inbhuanaithe anois agus tá scoileanna eile a bhfuil níos mó taithí acu ar an scéim ag tabhairt faoi théama na bithéagsúlachta anois. Bhí bronnadh Ghradam an Champais Ghlais ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ar cheann de na príomh-mhóréachtaí a thit amach le linn 2012 go háirithe mar gheall ar nach bhfuil an Bhratach Ghlas bainte amach ach ag ceithre institiúid tríú leibhéal sa tír. Bhí bliain rathúil eile ag an Scéim Duaiseanna Bunscoile áitiúil agus lean Energia dá urraíocht chun an feachtas a chomh-mhaoiniú.

### **Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara**

D'éirigh go rí-mhaith le Bailte Slachtmhara sa chontae arís i 2012 agus buadh 6 bhonn i gComórtas na mBailte Slachtmhara, arb líon gan fasach é. Choinnigh Baile an Tallúnaigh, Dún Dealgan agus Droichead Átha a mboinn óir, choinnigh Droichead an Chnoic a bhonn airgid, agus bhain Baile Átha Fhirdhia agus na Creagacha Dubha boinn chré-umha amach den chéad uair. Bhí Dún Dealgan ar cheann de na 10 n-ionad a bhí curtha ar an ngearrliosta le haghaidh Ghradam an Bhaile Turasóireachta is Fearr a bunaíodh le déanaí agus rinneadh gaisce den bhaile a thaispeáint le linn na measúnachta agus phróiseas na ngradam.

Mar gheall ar gur bhuaigh Baile Átha Fhirdhia Gradam Náisiúnta na gCrann i 2011, thug an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn cuairt ar an mbaile chun Seachtain Náisiúnta na gCrann 2012 a chur faoi lánseol. Lá lán le neart gníomhaíochtaí a bhain le crainn agus leis an mbithéagsúlacht a bhí ann a chur ainm an bhaile i mbéal mhuintir na tíre arís.

D'éirigh go maith le Coiste Bailte Slachtmhara Lú Le Chéile arís i mbliana agus ghlac sé freagracht as Gradaim 'Louth Looking Good' a chomhordú den chéad uair le tacaíocht ón gClár Forbartha Tuaithe arna oibriú ag Comhpháirtíocht LEADER Lú. Thug an feachtas seo aitheantas do ghrúpaí bailte slachtmhara agus do chumainn cónaitheoirí ar fud an chontae as ucht a gcuid tiomantais dheonaigh do chuma na háite agus do cháilíocht na beatha a fheabhsú ina bpobail.

### **Caighdeán an Uisce**

Tá Creat-Treoir Uisce an AE á fheidmiú i bhfoirm Pleananna um Bainistíochta Abhantraí in Abhantrach Eachach na Banna agus in Abhantrach na hAbhann Thoir. Cuireadh tús sa bhliain 2010 leis na chéad bhearta chun spriocanna caighdeán an uisce a bhaint amach, lean siad ar aghaidh sa bhliain 2012 agus tabharfar chun críche iad sa bhliain 2015.

Bhí monatóireacht á déanamh i gcaitheamh na bliana ar chaighdeán an uisce snámha agus chomhlíon sé an caighdeán riachtanach. Choimeád Lú an Bratach Gorm cáiliúil ar a thránna ag Baile an Teampaill, Port agus Ceann Chlochair sa bhliain 2012.

### **Sábháilteacht Bia**

Leanadh den obair faoin gconradh seirbhíse d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann de réir an sceidil i 2012, agus d'fhonn an tseirbhís a fheabhsú, agus aon chumhdach éigeandála nó saoire go háirithe, síníodh comhaontú faoi alt 85 le Comhairle Contae Mhuineacháin ionas go bhféadfaidh aon cheann den dá Chomhairle cabhrú le hiniúchtaí a dhéanamh sa chontae eile más gá. Faoi láthair tá 11 ghléasra feola agus 1 seamlas amháin atá ceadaithe ann sa chontae agus déanann an Chomhairle iniúchtaí orthu go rialta.

### **Póna na nAinmhithe**

Ba bhliain ghnóthach í an bhliain 2012 don phóna agus thóg siad 606 madra, 39 capall agus 3 ghabhar isteach le linn na tréimhse.

Tháinig laghdú beag ar líon na madraí a tógadh isteach i gcomparáid leis an 700 madra a tógadh isteach an bhliain roimhe, ach aimsíodh baile nua nó an t-úinéir bunaidh i gcás breis is 89% de na madraí sin go fóill. Ba é líon na madraí ar aimsíodh a n-úinéirí bunaidh an líon ab airde go dtí seo ag 22%, rud a léiríonn scoth na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa phóna, lena n-áirítear an áis ar líne chun breathnú ar aon mhadra atá sa phóna ar shuíomh Idirlín na Comhairle ag aon tráth. As líon na madraí a cuireadh chun bailte nua, baineadh amach aon cheathrú den líon seo tríd an bpóna go díreach, agus an chuid eile trí sheirbhísí eile a sholáthraíonn carthanais ainmhithe cláraithe ar nós Mhadraí Dhún Dealgan.

Tháinig laghdú neamhshuntasach ar líon na gceadúnas madra i 2012, líon arbh ionann é agus 5,300 don chontae ina iomláine. Méadaíodh an táille don cheadúnas go suntasach i 2012, ó €12.70 go dtí €20, ach ba é seo an chéad mhéadú le breis is 10 mbliana anuas.

Bhí an póna ní ba ghnóthaí ná riamh agus thóg sé 39 capall agus 3 gabhar isteach le linn 2012, i gcomparáid le 11 chapall agus 1 ghabhar le linn 2011. Tugann teochtaí le déanaí le fios go mbíonn líon na gcapall a dhéantar a urghabháil ag méadú bliain i ndiaidh bliana.

## **AN TSEIRBHÍS DÓITEÁIN**

Ó thaobh na Seirbhíse Éigeandála de, mórthasc ba ea an tAthbhreithniú ar an tSeirbhís Dóiteáin i 2012 agus ba de thoradh air gur tugadh isteach córas dualgais nua i Stáisiún Dóiteáin Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, laistigh de Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae Lú. I measc na mbuntáistí a bhaineann

leis an gcóras nua, tá seirbhís 24 uair i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha agus clár dírithe nua i ndáil leis an tSábháilteacht Dóiteáin sa Phobal.



**An <sup>Chéad</sup> Chriú Dualgais, an 3 Meán Fómhair –  
Droichead Átha in éineacht leis an Méara Paul  
Bell agus le hoifigigh.**



**An <sup>Chéad</sup> Chriú Dualgais, an 3 Meán Fómhair –  
Droichead Átha in éineacht leis an  
gCathaoirleach Jennifer**

Lean an treocht anuas i nglanna éigeandála sa bhliain 2012.

Cineál na dTeagmhais (An Contae ina Iomláine): 2012

Cineál	R1	R2	R3	R4	Iomlán	Meánlíon in aghaidh na Míosa
Dóiteán/Gníomhachtú Aláirim	26	19	24	17	86	7.2
Dóiteán/Bus/Cóiste	0	0	2	0	2	0.2
Dóiteán/Carr	29	28	32	26	115	9.6
Dóiteán/Carbhán	0	2	2	1	5	0.4
Dóiteán/Simléar	29	13	11	25	78	6.5
Dóiteán/Baile	42	37	31	35	145	12.1
Dóiteán/Baile, Daoine Tuairiscithe	3	6	3	4	16	1.3
Dóiteán/Dóiteán (Ginearálta)	11	19	11	7	48	4.0
Dóiteán/Féar Tirim/Scioból	0	0	4	3	7	0.6
Dóiteán/Tionscal	4	3	2	5	14	1.2
Dóiteán/Institiúid	4	3	2	0	9	0.8
Dóiteán/Ola/Peitreal	1	0	0	0	1	0.1
Dóiteán/Beag/Araid/Scipe Bruscair	76	70	72	66	284	23.7
Dóiteán/Deatach ag Teach Amach	1	2	2	2	7	0.6
Dóiteán/Trucail	2	0	8	2	12	1.0
Dóiteán/Fásra	30	33	8	3	74	6.2
SS/Cúnamh ó Otharcharr	8	1	8	7	24	2.0
SS/Tarrtháil Ainmí	1	0	0	0	1	0.1
SS/Leictreach	0	0	1	1	2	0.2
SS/Tuile	1	2	1	2	6	0.5
SS/Pléasc	0	1	0	0	1	0.1
SS/Cúnamh ón nGarda Síochána	3	1	3	1	8	0.7
SS/Sceith Gáis	1	1	1	1	4	0.3
SS/Ábhair Ghuaiseacha	0	0	0	3	3	1.0
SS/Daoine Gafa in Ardaitheoir	2	0	2	1	5	0.4
SS/Glasáil	2	1	2	1	6	0.5
SS/Slánú Láthair Teagmhais	4	1	3	1	9	0.8
SS/Doirteadh Ola	0	0	1	1	2	0.2
SS/Eile	5	3	2	1	11	0.9
SS/Tarrtháil Abhann	1	2	0	1	4	0.3
SS/Timpiste Tráchtá ar Bhóithre	17	22	29	33	101	8.4
SS/Crainn Tite	0	0	1	0	1	0.1

Líon Iomlán na dTeagmhais (2012):

1091

Leagtar amach na teagmhais freastail de réir an stáisiúin anseo thíos.

Líon na Slógaí (Fearais Aicme B agus ET): Ean - Noll 2012

	Baile Átha Fhirdhí	Cairlín	Dún Léire	Droichead Átha			Dún Dealgan			Iomlán
	LH11A1	LH12A1	LH13A1	LH14A1	LH14A2	LH14B1	LH15A1	LH15A2	LH15B1	
Líon na Slógaí	84	62	65	410	46	30	395	70	33	<b>1195</b>
<i>(An Chéad Limistéar Freastail)</i>										
Líon na Slógaí	78	9	61	62	4	24	30	7	12	<b>287</b>
<i>(Limistéir Freastail Eile)</i>										
Líon Iomlán na Slógaí	162	71	126	472	50	54	425	77	45	<b>1437</b>
Líon na Slógaí sa Mhí	2	1	3	64	4	4	0	0	0	78

Cuireadh an clár sábháilteachta ar dhóiteáin ag an mbaile ar fáil do bhunscoileanna i gContae Lú le linn na bliana.

Rinne an Rannóg Coiscithe Dóiteáin cigireachtaí sa bhliain 2012 ar áiteanna móra tionóla poiblí, m.sh. clubanna oíche agus beáranna, a mbíonn orthu a gceadúnas a

athnuachan gach bliain agus cuireadh i gcoinne an athnuachana go dtí go raibh feabhsúcháin leordhóthanacha déanta ar shábháilteacht ar dhóiteán.

Ghlac Comhairle Contae Lú ráiteas beartais maidir le brath dóiteáin tí agus le córais aláraim (aláraim dheataigh, aláraim teasa, aláraim aonocsaíd charbóin) i 2012.

Bhí Údaráís Áitiúla Lú páirteach i roinnt cleachtaí agus ceardlanna idirghníomhaireachta i gcaitheamh na bliana chun pleananna agus nósanna imeachta a thástáil. Tugadh gach plean móréigeandála cothrom le dáta agus athbhreithníodh iad tar éis fhaisnéis na n-imeachtaí sin.

Chríochnaigh pearsanra Údaráís Áitiúla Lú cúrsaí ar mhóréigeandálaí réigiúnacha i gcaitheamh na bliana maidir le Bainistíocht Eolais agus Comhordú ar an Láthair. Bhí lucht Údaráís Áitiúla Lú gníomhach sa Ghrúpa Oibre Réigiúnach agus sa Ghrúpa Stiúrtha i gcaitheamh na bliana, leis.

### **Cosaint Shibhialta**

D'fhreastail Cosaint Shibhialta Lú ar 48 dualgas pobail sa bhliain 2012, a bhformhór díobh i gContae Lú, agus ar ócáid na Long Ard i bPort Láirge. Bhí an Chosaint Shibhialta páirteach i roinnt cuardach ar dhaoine a bhí ar iarraidh i Lú sa bhliain 2012.

---

## **Comhairle Buirge Dhroichead Átha**

### **An Comhshaol agus Uisce**

Lean Rannóg Chomhshaoil Chomhairle Buirge Dhroichead Átha d'fheasacht chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an chontae trí chlár chomhshaoil éagsúla ar nós an chlár deontas d'fhóntais, an Chomórtais Bhliantúil Áilleachta ar an mBóinne, tionscnaimh athchúrsála, srl. D'éirigh go maith le Droichead Átha arís i gcomórtais náisiúnta agus choinnigh sé an bonn óir i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara agus stádas 'Glan de réir noirm Eorpacha' i sraith IBAL. Feabhsaíodh timpeallacht nádúrtha na buirge a thuilleadh nuair a tugadh faoin bplandú a uasghrádú, faoi oibreacha cothabhála crann, faoi fhiaíl a chur faoi smacht, faoi fhéar agus faoi fhálta a ghearradh agus nuair a lean cur i bhfeidhm an chlár rialaithe bruscair ar aghaidh.

Lean Comhairle Buirge Dhroichead Átha den líonra uisce agus draenála a chothabháil laistigh den bhuirg agus thug siad faoi chlár uileghabhálach monatóireachta ar sceithí uisce agus deisithe. Rinneadh sainaitheint ar na ceantair is minic a dtarlaíonn tuilte iontu agus déantar monatóireacht orthu ar bhonn rialta chun tionchar tuilte a íoslaghdú.



## Forbairt Gheilleagrach:

*‘Go n-adhmaítear Lú mar láthair roghnach le haghaidh forbairt gheilleagrach, chultúrtha agus deiseanna oideachais a fhaigheann tacaíocht ó bhonneagar nuaimseartha agus sofaisticiúil a thugann teacht éasca do chách.’*

### Fóram Geilleagrach Lú

Cuireadh Fóram Geilleagrach Lú ar bun in Údaráis Áitiúla Lú i 2009 faoi chathaoirleacht Pádraic White, iar-POF de chuid GFT Éireann. Tugann an Fóram le chéile gach ceann de na gníomhaireachtaí Stáit a idirghníomhaíonn leo siúd a ghineann gníomhaíocht gheilleagrach sa chontae agus is láthair ilfhreastail é le haghaidh infheisteoirí féideartha.

Tá foilsithe ag Fóram Geilleagrach Lú 6 cinn as na 10 bplean gníomhaíochta a gheall sé a chur ar fáil. Go dtí seo foilsíodh pleananna gníomhaíochta i dtaca leis na réimsí seo a leanas agus tá siad á bhfeidmiú i láthair na huaire: Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, Tionscal Dúchasach, Fuinneamh Inbhuanaithe, Turasóireacht agus Oidhreacht, Gnó ata Fabhrach do Dhaoine Scothaosta, agus Oideachas agus Oiliúint.

Rinne PMCA, comhairleach eacnamaíoch, athbhreithniú seachtrach ar Fhóram Geilleagrach Lú. Bhí torthaí an athbhreithnithe dearfach agus moladh gur chóir an Fóram a úsáid mar dhea-shamhail d'Údaráis Áitiúla eile.

Tá obair fós ar bun i ndáil le Talmhaíocht, Bia agus Iascach; Seirbhísí Leathanbhanda; Lú a athrú ina Chontae den Scoth chun Dul i mbun Gnó ann, agus Conair Gheilleagrach Dhroichead Átha, Dhún Dealgan, an Iúir. Foilseofar na pleananna gníomhaíochta eile i gcaitheamh 2013.

### Nuashonrú ar Chur i nGníomh Pleananna Gníomhaíochta sa bhliain 2012

Bhí páirt shuntasach glactha ag Fóram Geilleagrach Lú i bpoist a chruthú i gContae Lú i 2012.

Infheistíocht Dhíreach Eachtrach - cruthaíodh 1500 post le cuideachtaí cosúil le PayPal, Prometric, Diaceutics, Radio Systems PetSafe, Yapstone.

Tionsclaíocht Dhúchasach – Oscailt Ionad Tionsclaíochta Creative Spark in Iúil 2012, tionscnaimh de chuid Fhiontraíocht Éireann d'fhiontraithe, an tAonach Trádála Gnó do Dhaoine ar gach Aois, agus clár an Zóin Fionnachtana in Ionad Forbartha an Réigiúin.

Fuinneamh Inbhuanaithe – Seoladh an Éiceamhoil Chliste arna mhaoiniú ag INTERREG. Tógáil ar thionscadail éifeachtúlacht fuinnimh. Clár píolótach intéirneachta um bainistíocht fuinnimh inar chuir 12 intéirneach tacaíocht bainistíocht fuinnimh ar fáil do 45 cuideachta, rud a bhí ina chúis le fíorchoigilteas costas agus fuinnimh de €1 milliún.

Turasóireacht agus Oidhreacht - Ceapadh oifigeach speisialaithe turasóireachta le haghaidh Ghleann na Bóinne, Oifigeach Turasóireachta d'Oifig bainistíochta Lár an Bhaile i nDún Dealgan, fuarthas maoiniú INTERREG de €17.4 milliún le haghaidh Dhroichead Chaol Uisce agus fhorbairt an fhéarbhealaigh ó Chairlinn go dtí Ó Méith, mar aon le maoiniú de £1.4 milliún chun an gheothurasóireacht a fhorbairt.

Gnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta – Seoladh Fir i Seideanna i nDroichead Átha, i nDún Dealgan agus i Leithinis Chuaille. Foireann Phíolótach Uirlisí Gnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta i mBaile Átha Fhirdhia agus bunú an chéad Aonaigh Ghnó do Thomhaltóirí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.

Oideachas agus Oiliúint - Bunú tascgrúpa oideachais, oiliúna agus gnó chun naisc a neartú idir tionscail agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan.



***Seoladh an Phlean Ghníomhaíochta Oideachais agus Oiliúna – Iúil 2012***

#### **Cláir Concerto/Holistic de chuid AE – Zón an Fhuinnimh Inbhuanaithe**

Zón 4 chiliméadar is ea an Zón Fuinnimh Inbhuanaithe atá suite ar an taobh theas de Dhún Dealgan. Is éard atá i gceist le Holistic ná cur chuige comhoibríoch i leith páirtnéirí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon a spreagadh chun a bheith nuálaíoch agus iad ag comhtháthú cleachtais fuinnimh inbhuanaithe le teicneolaíochtaí.

Tionscadail – cead pleanála le haghaidh tuirbín gaoithe 500Kw i Lárionad Gnó Mhullaigh Chairlín, gléasra bithgháis ag an Abhainn Bhán, osclaíodh foirgneamh ísealfhuinnimh charbóin (Creative Spark), agus feistíodh méadair chliste i 200 teach sa zón.

#### **Peace III**



**CONTAE LÚ, BALL COMHPHÁIRTÍOCHTA DE CHLÁR PEACE III**

Bhronn SEUPB €2.3 milliún ar Chomhairle Contae Lú chun tionscadail tógála PEACE a rith i gContae Lú go dtí Nollaig 2013.

Cuireadh tús le tabhairt isteach Chéim 2 de Chlár PEACE III i 2012 agus fuair 16 mhórtionscadal maoiniú le haghaidh tionscadail tógála straitéiseacha.

I measc na ngrúpaí agus na gceantar ar dhírigh an clár orthu, bhí: Grúpaí don ógra, grúpaí mionlaigh eitnigh agus reiligiúnaigh, íospartaigh agus marthanóirí agus daoine asáitithe.

Ina theannta sin, bronnadh líon suntasach deontas, €6,000 an ceann ar an meán, ar ghrúpaí fothionscadail a bhí ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí níos mó d'fhonn cúnaimh a thabhairt dóibh tionscadal dá gcuid féin a fhorbairt.

Tuigeadh go raibh tábhacht ag baint le líonra síochána a chur ar bun chun cur ar chumas na ngrúpaí éagsúla teacht le chéile, oibriú as lámh a chéile agus a gcuid taithí a chomhroinnt lena chéile. Tugann an clár seo deis chun tacaíocht a chur ar fáil i dtreo acmhainn na n-eagraíochta seo a fheabhsú chomh maith.

Rinneadh suíomh Idirlín [www.networkforpeace.org](http://www.networkforpeace.org) a fhorbairt chun rannpháirtithe idir phoiblí agus phríobháideach a chumasú rochtain ar fhaisnéis faoin gclár.

Tá obair thrasteorann agus réigiúnach ina cuid lárnach de Chéim 2 agus leanann sainaitheint sineirgí agus comhoibriú ar aghaidh.

Faigheann Clár PEACE III páirtmhaoiniú ó Chistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh.

### **Plean Oibre SPC 2012**

Chomhaontaigh SPC plean oibre don bhliain 2012 agus ghlac siad páirt sna nithe seo a leanas:-

- Ghlac Plean Gníomhaíochta Oideachais agus Oiliúna Fhóram Geilleagrach Lú páirt san athbhreithniú ar Fhóram Geilleagrach Lú, san fhorbhreathnú ar Thóstal Éireann 2013, i bhforbairt bhealach tiomána Ghleann na Bóinne agus i seoladh an bhranda turasóireachta.
- An tAthbhreithniú ar Straitéis Tithíochta an Chontae, an Creatphlean le haghaidh na gCreagacha Dubha/Bhaile Hagaird, Straitéis Dearaidh Shráidbhaile Ó Méith, Féarbhealach Chuaille agus Creatlach Dearaidh Uirbigh Cheathrú Oidhreachta Dhroichead Átha.
- Athbhreithniú ar Phlean Oidhreachta 2012-2016
- Forbairt na bPleananna Gnó le haghaidh an Líonra Gnó ar Ísealcharbón (ar a dtugtar an tÉiceamhol Cliste anois), na Tionscadail Geothurasóireachta, an Tionscadal Bitheagsúlachta agus Droichead Chaol Uisce.
- Láithreoireachtaí maidir le Staidéar Féidearthachta ISLES agus a phríomhthorthaí mar aon leis an tuarascáil (le Pat McArdle) maidir leis an Zón Forbartha Trasteorann arna dtabhairt ag an Stiúrthóir.

---

### **Comhairle Buirge Dhroichead Átha - Forbairt Gheilleagrach**

I 2012, lean Comhairle Buirge Dhroichead Átha de sheirbhís custaiméirdhírthe pleanála a chur ar fáil don phobal, trí acmhainní a chomhdhlúthú agus trí nósanna imeachta a chaighdeánú. Rinneadh éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus tugadh

comhairle ghairmiúil maidir le saincheisteanna infreastruchtúir a bhain le hábhair pleanála.

Rinne Comhairle Buirge Dhroichead Átha dul chun cinn le tionscadal pontúin d'árthaí pléisiúir i gcomhar le SEUPB d'fhonn buntáiste a bhaint as turasóireacht fhéideartha ar an mBóinn.

---

## **AN TAONAD TACAÍOCHTA GNÓ**

Tá an tAonad Tacaíochta Gnó bunaithe anois mar ionad ilfhreastail i ndáil le gach ceist gnó i gContae Lú.

Díríonn an tAonad isteach ar 80% de gnóthais dhúchasacha sa chontae nach ndéanann plé le gníomhaireachtaí tacaíochta stáit cheana.

Cuireadh 48 ceist ghnó ar an Aonad i gcaitheamh 2012. I measc na gceisteanna seo, bhí plé le ceisteanna pleanála tráchtála, comhairle maidir le hidéanna do ghnóthais nuathionscanta, ceisteanna faoi rochtain ar mhaoiniú, atreoruithe chun gníomhaireachtaí eile a sholáthraíonn tacaíochtaí mar aon le comhairle agus le faisnéis ghinearálta gnó.

Thacaigh an tAonad le hAonach Post agus Comhairle agus le Seachtain na Fiontraíochta i bpáirtíocht leis an mBord Fiontar Contae agus le Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan / Eures.

Lean Fóram Gnó Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta de theacht le chéile le linn na bliana, chuir siad plean gníomhaíochta gnó a thacaíonn le daoine breacaosta le chéile agus lean siad de rolladh amach treoirstaidéar i gcomhpháirt leis an lucht gnóithe i mBaile Átha Fhirdhia, an chéad bhaile in Éirinn a thacaíonn le daoine breacaosta sa ghnó. I measc na dtionscnamh eile, bhí an chéad Aonach in Éirinn do Ghnóthais agus do Thomhaltóirí a Thacaigh le Daoine Breacaosta i gCaisleán Dhairbhre.

Lean an tAonad Tacaíochta Gnó den chontae a mhargú i bpáirtíocht le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann mar cheannphointe turasóireachta agus oidhreachta.

Clár Ceannphointe Ghleann an Bóinne a bhí de thoradh ar an gcomhoibriú idir Comhairle Contae Lú, Fáilte Éireann, Comhairle Contae na Mí agus an earnáil turasóireachta. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo poitéinseal turasóireachta an cheantair a bharrfheabhsú agus chun Gleann na Bóinne i Lú agus sa Mhí a fhorbairt ina cheannphointe turasóireachta, ceann de na 10 gceannphointe den sórt seo in Éirinn.

Ceapadh oifigeach turasóireachta le haghaidh Ghleann na Bóinne, lena n-áirítear Droichead Átha agus Lú Theas, duine a dhéanfaidh Gleann na Bóinne i Lú agus sa Mhí a chur chun cinn ar bhonn seirbhíse comhroinnte. Rinneadh Plean Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2012-2014 a chur le chéile i gcomhar leis na hÚdarás Áitiúla i Lú agus sa Mhí agus leagtar amach ann sraith gníomhartha ar mhaithe le Margaíocht na Turasóireachta sa réigiún.

Tá comhaontú cosúil le haghaidh oifigeach turasóireachta trasteorann á dhréachtú i láthair na huaire le Comhairle Ceantair an Lúir agus Mhúrn. Is ar Réigiún Chuaille, Mhúrn, Shliabh gCuillinn / Chairlinn a bheidh an ról seo dírithe.

Thug Údaráis Áitiúla Lú Scéim Cúnaimh d'Fhéilte agus d'Ócáidí isteach i 2010 chun tacú le feilte agus le hócáidí agus iad a spreagadh ar fud an chontae. Fuair 28 imeacht tacaíocht tríd an scéim seo i 2012.

Leanadh de Lú a fhorbairt agus a chur chun cinn mar cheannphointe do shiúlóirí le linn 2012 i bpáirtíocht leis an earnáil turasóireachta, agus reáchtáladh Féilte Bliantúla na Tána agus Ghleann na Bóinne arís.

Tionscadail de chuid Fhóram Turasóireachta agus Oidhreachta Lú 2012:

Bhí dara Máirseáil Bhliantúil na Tána (Táin Bó Cúailnge) ar siúl i Mí an Mheithimh 2012, ócáid ag a leanann slua ollmhór saighdiúirí coise agus marcshaighdiúirí i gcoiscéimeanna arm Bhanríon Méabh. Thosaigh an mháirseáil i mBaile Átha Fhirdhia agus chuaigh sí trí Bhaile an Tallúnaigh, trí Shráidbhaile Lú, trí Dhroichead an Chnoic agus ar aghaidh trí Dhún Dealgan sular tháinig sí chun críche i gCairlinn, baile atá suite ar Leithinis Chuaille.

Tharla céad Scoil Samhraidh Thomas D'Arcy McGee i gCairlinn i Lúnasa 2012 agus ba é a Shoilse Loyola Hearn, Ambasadóir Cheanada chun na hÉireann, a d'oscail í.

I gcomhar leis an earnáil turasóireachta sa chontae, cuireadh Lú chun cinn ag na seónna Holiday Word i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste araon. Rinneadh ionadaíocht don chontae ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman, i Meán Fómhair 2012 chomh maith.

D'fhreastail breis is 240 toscaire ar an gcéad Chomhdháil Turasóireachta de chuid Údaráis Áitiúla Lú / an Aonaid Tacaíochta Gnó, rud a reáchtáladh i bpáirtíocht le Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan / Eures in Óstán Theach Bhaile Mhic Scanláin, Dún Dealgan, in Aibreán 2012.

Rinneadh ionadaíocht do Lú ag Méitheal, an t-aonach trádála turasóireachta is mó in Éirinn, a bhí ar siúl i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath i mBaile Átha Cliath agus a bhí eagraithe ag Fáilte Éireann.

Lean gníomhaíocht turasóireachta agus oidhreachta ar aghaidh ó cheann ceann na bliana, Branda an Chontae agus Forbairt Láithreáin san áireamh. Bhí an suíomh Idirlín LouthHolidays.com seolta go hoifigiúil in Eanáir 2012 ag Michael Ring TD, an tAire Stáit Turasóireachta agus Spóirt . Is iad suíomh Idirlín LouthHolidays.com agus an leathanach ar Facebook an príomhthairseach as a mbaineann cuairteoirí ar Chontae Lú úsáid agus cuimsíonn siad sonraí maidir le nithe is díol spéise agus le lóistín, mar aon le heolas faoi stair, finscéalta agus oidhrecht Chontae Lú.

## Geata Réigiúnach:

*‘Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur i gceartlár Gheata Réigiúnach Chonair an Oirthir.’*

### **Meabhrán Tuisceana idir Údaráis Áitiúla Lú agus Comhairle Dúiche an Iúir agus Mhúrna**

Leagtar sa Mheabhrán Tuisceana seo mionsonraí an Chomhaontais Straitéisigh idir Chomhairle Dúiche an Iúir agus Mhúrna agus Údaráis Áitiúla Lú a fhéachfaidh le forbairt gheilleagrach agus iomaíochas an réigiúin a thacú agus a chur ar aghaidh.



### ***Comhchoiste MOU***

**Dul chun cinn sa bhliain 2012 de réir na gceithre théama:-**

- ***Fuinneamh In-athnuaite agus Teicneolaíocht Ghlas***

#### **An tIúr - Cathair ar Ísealcharbón**

Tá an tionscadal bunaithe ar Thionscadal Holistic Dhún Dealgan agus tá sé mar aidhm aige a léiriú an chaoi ar fhéidir le pobal athrú go dtí patrún níos inbhuanaithe úsáide agus soláthair fuinnimh. Feistíodh pointí luchtaithe d'fheithiclí ar fud na cathrach agus ceapadh Oifigeach Fuinnimh.

#### **An Líonra Gnó ar Ísealcharbón – ar a dtugtar an tÉiceamhol Cliste anois**

Fuair an tÉiceamhol Cliste €986,000 ó INTERREG IVA, ar ghrúpa cuideachtaí fuinnimh in-athnuaite/inbhuanaithe agus teicneolaíochta glaine é, a oibreoidh as láimh a chéile chun an nuálaíocht a chur chun cinn, an táirgiúlacht, an t-

iomaíochas, forbairt gnó nua, fás agus cruthú post a uasmhéadú agus dul i ngleic le slándáil agus le hinbhuanaitheacht fuinnimh ag an am céanna.



### ***Seoladh an Éiceamhoil Chliste – Deireadh Fómhair 2012***

#### **Tionscadal ISLES**

Tugadh staidéar féidearthachta arna mhaoiniú ag INTERREG chun críche agus léiríonn sé nach bhfuil aon fháth teicniúil ann a chuirfeadh bac ar ghreille chomhtháite amach ón gcósta a bhunú ó fhoinsé in-athnuaite fuinnimh ar nós an fhuinnimh ghaoithe, thonnta agus thaoide. Tá First Flight Wind agus Oriel Wind Farm i mbun feirm ghaoithe a chur ar bun faoi láthair atá suite amach ó Bhá Dhún Dealgan agus ó chósta theas an Dúin.

#### **Tionscadal STEM**

Tá faighte ag an tionscadal seo maoiniú de €1.36 milliún ó INTERREG a chlúdaíonn na 10 nÚdarás Áitiúla agus a chabhróidh le 30 gnóthas áitiúil i ngach aon limistéar údaráis áitiúil.

#### **Bainistíocht Fuinnimh agus Micrighiniúint**

Tá faighte ag an tionscadal seo maoiniú €1.071 milliún ó INTERREG agus roghnaíodh 8 bhfoirgneamh mar fhoirgnimh eiseamláireacha, lena n-áirítear Músaem Chontae Lú agus an Leabharlann i nDún Dealgan.

- ***Turasóireacht agus Áineas***

#### **Geothurasóireacht**

Fuair an tionscadal seo maoiniú de €1.65 milliún ó INTERREG agus tá Foireann an Tionscadail ceaptha anois.

#### **Droichead Chaol Uisce**

Thug Seirbhís Pleanála Thuaisceart Éireann agus an Bord Pleanála cead ar an 12 agus an 15 Deireadh Fómhair faoi seach chun Droichead Chaol Uisce a thógáil. Cuireadh plean gnó mionsonraithe faoi bhráid an Fhorais um Chláir Speisialta an AE ar an 12 Iúil 2012, rud a ndearna KPMG breithmheas eacnamaíochta air chomh maith. Tá maoiniú de €17.369 milliún comhaontaithe le INTERREG le haghaidh an droichid.

*(Clé go deas) Patricia Rooney,  
an Clr. Oliver Tully,  
Cathaoirleach, Comhairle  
Contae Lú agus an tUasal Dan  
Rooney, Ambasadóir SAM  
chun na hÉireann ag Áras  
Chontae Lú i nDún Dealgan le  
haghaidh cruinniú faisnéise  
maidir le Droichead Chaol  
Uisce.*



- **Fás Inbhuanaithe ar an nGeilleagar agus Cruthú Post**

#### **Tionscadail Réigiún na Teorann Thoir**

Rinne clár INTERREG na tionscadail seo a leanas a mhaoiniú trí Chlár Réigiúin na Teorann Thoir agus ghlacamar páirt lárnach iontu chomh maith:-

- Clár **PLATO**, ar chlár meantóireachta é a fuair €664,000.
- Fuair Clár na **hEolaíochta Beatha** €508,000. Is grúpa/líonra cuideachtaí é seo in earnáil na cógaisíochta agus na heolaíochta beatha.
- Fuair clár **ASPIRE** €1.749 milliún agus is clár feabhsaithe gnó é do chéimnithe.
- Fuair an clár **Nuálaíochta** €850,000, ar clár é a thabharfaidh lámh chúnta dóibh siúd a bhfuil smaoineamh acu le haghaidh táirge/gnó nua.

- **Pleanáil Éigeandála**

Reáchtáladh mórchleachtadh trasteorann in Aibreán 2012 agus arís ar an 20 Samhain 2012 ina raibh na heagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí uile ar an dá thaobh den teorainn páirteach. Rinneadh tástáil struis ar na heagraíochtaí uile a bhí páirteach agus comhroinneadh siad a gcuid taithí ar a chéile.

#### **Tionscadail Eile**

Is iad seo leanas na tionscadail trasteorann eile atá ar bun againn faoi láthair:-

- **An Dúshlán i dtreo Athrú, an Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus an Tionscadal Bithéagsúlachta.**

- Seoladh **Painéal na nDaoine** ar an 31 Deireadh Fómhair 2012 agus thrasnaigh an **Tóirse Oilimpeach** an teorainn go moch ar maidin ar an 6 Meitheamh ar a bhealach go dtí Baile Átha Cliath.
- Bhíomar páirteach, i gcomhar le EBR agus le coiste gnó Comet, ar choiste príomhoifigigh feidhmiúcháin, bainisteoirí contaetha agus stiúrthóirí údarás áitiúla trasteorann i leith aighneacht a chur faoi bhráid an Fhorais um Chláir Speisialta an AE agus ranna rialtais maidir le struchtúr nua chun INTERREG V agus PEACE IV 2014-2020 a bhainistiú.



*An Tóirse Oilimpeach ag trasnú na teorann ar an 6<sup>ú</sup> Meitheamh 2012*

## Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht:

*'Beidh na healaíona, an cultúr agus an fhóillíocht mar bhonn taca le cáilíocht na beatha i gcás daoine aonair agus pobail sa chontae.'*

### **AN TSEIRBHÍS EALAÍON 2012**

Ba bhliain an-ghnóthach í an bhliain 2012 don tSeirbhís Ealaíon, agus is iad seo a leanas roinnt de na buaicphointí.

Seoladh mórthaispeántas saothair nua de chuid an dealbhóra John Behan in Áiléar an Íoslaigh, rud a bhí ar siúl tráth ar cuireadh athfhorbairt Chearnóg an Mhargaidh i gcrích i nDún Dealgan. Tá John Behan ar cheann de na dealbhóirí is iomráití in Éirinn agus tá tábhacht náisiúnta ag baint leis an saothar dá chuid atá suite sa Chearnóg.

Tugadh dhá choimisiún ealaíne phoiblí chun críche i 2012. Seoladh saothar ealaíne agus leabhar a ghabhann leis de chuid Jachie Nickerson ag Cuan Iarnród Mór an Tuaiscirt i nDún Dealgan, agus seinneadh saothar de chuid Brian Irvine dar teideal "Merge" den chéad uair riamh i dTeampall Pheadair i nDroichead Átha. Bhí Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, dhá bhanna práis agus cór pobail páirteach ina léiriú, rud nach ndéanfaidh siad siúd a bhí i láthair dearmad air go deo. Rinneadh "Merge" a choimisiúnú trí Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon le haghaidh thithíocht Chúirt Bhuithe.

Daingníodh Féile Ealaíon Dhroichead Átha mar cheann de na féilte ealaíon is nuálaí sa tír le clár éagsúil agus tarraingteach imeachtaí thar Dheireadh Seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine. I measc na mbuaicphointí uile, bhí Ship Street Revisited, taibhléiriú amharclainne suíomhoiriúnaithe a bhí bunaithe ar chuimhní agus ar scéalta maidir le ceann de na sráideanna is mó clú orthu i nDroichead Átha. Curtha le chéile ag Tionscadal Amharclannaíochta Upstate, bhí Ship Street Revisited coimisiúnaithe ag Féile Ealaíon Dhroichead Átha.

I mBaile Átha Fhirdhia a bhí Ceolfhoireann Bharócach na hÉireann óstáilte ar feadh na seachtaine roimh Fhéile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia. Ar an bhfód le 9 mbliana anuas anois, eagraítear ceolchoirmeacha, ceadail agus léachtaí sna caisleáin agus sna heaglaisí áille ar fud Lú Láir, agus tá dea-chlú ar an bhféile anois mar sheachtain lán le ceol in atmaisféar neamhfhoirmeálta agus fáilteach.

Mar aon le clársceidealú agus bainistiú féilte, tugann an tSeirbhís Ealaíon tacaíocht do réimse leathan féilte ar fud an chontae, agus oibríonn sí leo, Féile Samba Dhroichead Átha ina measc. Ar cheann de na buaicphointí eile a thit amach le himeacht na bliana, bhí an tsraith ceolchoirmeacha agus imeachtaí bainteacha eile a d'eagraigh Cumann Ceoil Chomhaimseartha Lú chun saothar an chumadóra Mheiriceánaigh John Zorn a cheiliúradh, agus a chéad chuairt ar Éirinn san áireamh.

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon as lámh a chéile le soláthróirí cultúrtha eile sa chontae, agus déanann sé ionadaíocht d'Údaráís Áitiúla Lú ar Bhoird Music Generation Lú, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, agus Craftmark Lú. Chuir Craftmark Lú forbairt Creative Spark i gcrích i 2012, ar fhoirgneamh saotharspás agus oiliúna é atá

suite i nDún Dealgan agus a bhfuil sé mar aidhm aige tacú leis an earnáil fiontraíochta ar fud fad an chontae.

Fónann an tSeirbhís Ealaíon ar Bhord Chumann Náisiúnta Drámaíochta don Ógra chomh maith, dream a thacaíonn le hamharclanna don ógra in Éirinn. Tugann an tSeirbhís Ealaíon tacaíocht do na hamharclanna don ógra i gContae Lú chomh maith, ceann atá suite i nDroichead Átha agus dhá cheann i nDún Dealgan.

Rinneadh go leor oibre eile, mar shampla, dhá bhabhta maoinithe le haghaidh CreathLouth, cothabháil [www.createlouth.ie](http://www.createlouth.ie), páirt a ghlacadh i gComóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir i nDroichead Átha, dréachtú aighneachta chun an Chomhchoiste um an gComhshaol, an Iompar, an gCultúr agus an nGaeltacht, páirt a ghlacadh in iarratas Dhroichead Átha ar Fhleadh Cheoil na hÉireann, pointe faisnéise maidir leis an ealaín a oibriú don phobal i nDún Dealgan, seoltaí leabhar a óstáil, scríbhneoir cónaithe a chur ar bun agus a tacú i nDún Dealgan, tionscadail éagsúla a thosú dírithe ar dhaoine breacaosta, Lá Náisiúnta na Filíochta a cheiliúradh le clár raidió agus Lá Grá don Cheol a cheiliúradh le ceolchoirmeacha, agus páirt a ghlacadh i mBailiúchán Amharcealaíon Údarás Áitiúla Lú.

## **Comhairle Buirge Dhroichead Átha – Ócáidí Suntasacha**

- Ar an 13 Bealtaine, d'óstáil Droichead Átha Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir 2012. D'fhreastail an Taoiseach Enda Kenny ar an searmanas oifigiúil. Reáchtáladh roinnt imeachtaí pobail le linn na seachtaine roimh an 13 Bealtaine, Taispeántas maidir leis an nGorta Mór, sampla de Theach Anraith, chomh maith le roinnt seimineár faoin nGorta Mór.
- D'oscail an Méara, an Clr. Kevin Callan Lárionad Pobail Dhroichead Átha go hoifigiúil i Mí an Mheithimh. Ba é Coca Cola International a thug an foirgneamh seo do Chomhairle Buirge Dhroichead Átha ar mhaithe le pobal Dhroichead Átha.
- I mí na Samhna, rinneadh comóradh 600 bliain aontú Dhroichead Átha a cheiliúradh, rud ar cuireadh tús leis le taispeántas i Halla an Bhaile a bhí ar siúl ar feadh mhí na Samhna agus na Nollag. Thug Méara Saint-Mandé, baile atá nasctha le Droichead Átha, cuairt ar Dhroichead Átha le haghaidh an chomóraidh.
- D'oscail an Méara, an Clr. Paul Bell Staidiam an Athar Kevin Connolly Lourdes go hoifigiúil i Mí na Nollag. Bhí maoiniú le haghaidh na saoráide seo curtha ar fáil ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ag An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ag Coca Cola International agus ag Chomhairle Buirge Dhroichead Átha. Freastalaíonn an tsaoráid ar an lúthchleasaíocht do Dhroichead Átha agus don cheantar máguaird.

## **LEABHARLANNA CHONTAE LÚ agus SEIRBHÍSÍ CARTLAINNE**

Bhí Leabharlanna agus Seirbhísí Cartlainne Chontae Lú mar bhonn taca le cáilíocht na beatha i gcás daoine aonair agus pobal sa chontae arís i mbliana.

In 2012, méadaíodh líon na stopanna a bhfreastalaíonn an leabharlann taistil orthu suas le 56 ionad ar fud an chontae, ionaid chúram lae agus naíolanna san áireamh, agus méadaíodh líon na stopanna a bhfreastalaíonn an tseirbhís leabharlann scoile orthu suas le 77 scoil sa chontae de bhrí gur osclaíodh 2 scoil nua i gceantar Dhroichead Átha.

<b>Úsáid Leabharlanna Chontae Lú</b>	<b>2012</b>	<b>2011</b>
• Nithe a tógadh ar iasacht	537,666	462,056
• Cuirteanna ar leabharlanna lánaimseartha	239,200	251,300
• Baill chláráithe	17,347	12,192
• Seisiúin idirlín a cuireadh ar fáil	21,991	17,912

### **Ballraíocht sa Leabharlann**

Tugadh isteach iasachtaíocht chómhálartach i Leabharlanna Chontae Lú agus is féidir le mic léinn agus le baill foirne de chuid Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan rochtain ar acmhainní na leabharlanna anois. Méadú ar an mballraíocht a bhí de thoradh ar an tseirbhís seo ó 17,347 i 2011 go dtí 12,192 i 2012, méadú arbh ionann é agus 42%.

### **TIONSCNAIMH LEABHARLAINNE AR FUD AN CHONTAE**

#### **Tá fáil ar íoslódálacha fuaime ó Leabharlanna ChomhairleContae Lú anois**

Tugadh isteach seirbhís nua **íoslódálacha fuaime** i nDeireadh Fómhair 2012. Is féidir le baill den leabharlann cuntas OneClickdigital a chur ar bun ar shuíomh Idirlín na leabharlainne ag <http://www.louthcoco.ie> agus tosú leabhair a íoslódáil ón mbaile. Féadann tú leabhair a íoslódáil chun do ríomhaire, do iPhone, do iPod, do iPad nó chun gléas táibléid eile. Tá na céadta leabhar ar fáil, gach ceann acu neamhghiorraithe, agus bíonn tuilleadh leabhar á gcur leis an gcatálog gach uile mhí.

#### **Tá Wi-Fi faoi shiúl ar na veaineanna leabharlainne taistil agus scoile anois.**

Mar chuid de ghealltanas Leabharlanna Contae Lú chun seirbhísí leabharlainne a uasdátú, tugadh isteach seirbhís Wi-Fi ar veaineanna leabharlainne taistil agus scoile. Anois, is féidir le custaiméirí rochtain ar bheochatalóg na leabharlainne, ar iarratais cheannacháin, ar liosta na nithe atá ar iasacht acu ón leabharlann, mar aon le seirbhísí eile de chuid na Comhairle.

Ó seoladh an tseirbhís Wi-Fi in aisce i Leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia i Márta 2012, tá 3,323 seisiún taifeadta, agus maireann gach seisiún thart ar 90 nóiméad ar an meán.

#### **Tionscadal Ainmneacha Gort Lú**

Tionscadal comhoibríthe is ea Tionscadal Ainmneacha Gort Lú idir Cumann Seandálaíochta agus Staire Lú, Craobh Lú d'Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Údaráís Áitiúla Lú agus Leabharlanna Chontae Lú. Tá an Tionscadal seo tacaithe ag Louth Leader agus FBD Trust agus cuireadh ar bun é d'fhonn ainmneacha gort i gContaeLú a bhreacadh síos agus a fhoilsiú, mar aon lena ngnéithe, lena stair, le bunús a n-ainmneacha agus leis an mbéaloideas a bhaineann leo.

### **Gníomhaíochtaí For-rochtana**

Eagraíodh clár iomlán éagsúil d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí i Leabharlanna Chontae Lú sa bhliain 2012. Ar na himeachtaí sin bhí taispeántais, léachtaí, scéalaíocht, stair áitiúil, ceardlanna ginealais, imeachtaí ealaíon agus seisiúin cheardaíochta. Lean na leabharlann de bheith bainteach le himeachtaí náisiúnta ar nós Seachtain Litearthachta na nAosach, Féile Leabhar na Leanaí, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine agus Seachtain na hEolaíochta, i gcaitheamh na bliana. Eagraíodh sraith rathúil ceardlann ceoil i Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia i gcomhar leis an Oifig Ealaíon mar chuid d'Fhéile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia.

### **Imeachtaí Léitheoireachta**

I measc na mbuaicphointí i 2012, bhí **Drogheda Reads Roddy Doyle**, mórthionscnamh léitheoireachta a reáchtáladh i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht LEADER LÚ, le scoileanna áitiúla agus le grúpaí pobail. Thug an t-údar cuairt ar an leabharlann in Eanáir 2012, léigh sé amach sleachta óna chuid leabhar agus d'fhreagair sé ceisteanna a chuir daoine idir óg agus sean air.

Ghlac 742 leanbh páirt in **Going for Gold – Childrens' Summer Reading Challenge** agus chláraigh roinnt mhaith daoine leis an leabharlann dá bharr.

### **Scríbhneoir Cónaithe**

D'oibrigh Leabharlanna Chontae Lú as láimh a chéile le hOifig Ealaíon Údaráís Áitiúla Lú agus le Leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan chun ceardlanna a chur ar siúl do scríbhneoirí cruthaitheacha, idir úrnua agus bhunaithe, i nDún Dealgan Ceapadh Ferdia Mac Anna mar an scríbhneoir cónaithe i Leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, agus mar chuid den chomhoibriú leanúnach leis an gcoláiste, reáchtáil sé ceardlann scríbhneoireacht scáileáin i Leabharlann Dhún Dealgan. Chuir an file agus an t-údar ficsean eolaíochta, John W. Sexton, ceardlann scríbhneoireachta ar siúl do dhaoine feasta, rud ar fhreastail mathshlua air.

### **Seirbhís Cartlainne**

I gcaitheamh 2012, fuair an tSeirbhís Cartlainne roinnt saothar an-tábhachtach, cóipeanna de na leabhair a roghnaigh Ard-Ghiúiré Assizes idir 1810 agus 1813 san áireamh. Tá ag an tSeirbhís bunleaganacha de Leabhair Ceisteanna Assizes i ndáil le 1815, agus le 1823 go dtí 1899, agus tá tús curtha aici le tionscadal nua chun an bailiúchán a dhigitiú.

### **Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt 2012: Tuarascáil**

#### **Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú Spríoc Straitéiseach 1 Rannpháirtíocht a Mhéadú do Chách**



An Irish Sports Council Initiative

#### **Tionscadal rannpháirtíochta do spriocghrúpaí:**

- Buntús le haghaidh Réamhscoileanna: Ghlac 30 seirbhís réamhscoile leis an gclár sa bhliain 2012 a thugann líon iomlán na seirbhísí réamhscoile atá bainteach leis an gclár go 93. Cuireadh oiliúint ar 717 ball foirne chun dul i mbun oibre le 3,862 leanbh.
- Buntús le haghaidh Bunscoileanna: Cuireadh oiliúint speisialta ar na múinteoirí ar fad in 11 scoil agus ar chúntóirí riachtanas speisialta. Cuireadh dhá mhála

trealaimh agus cártaí acmhainne nasctha leis ar fáil sa bhliain 2011, a thugann líon iomlán na scoileanna atá páirteach go 66. Cuireadh oiliúint ar 856 múinteoir le linn an chláir i Lú chun dul i mbun oibre le breis is 13,000 leanbh.

- I measc na gclár breise a reáchtáladh do bhunscoileanna bhí Buntús Sacair agus oiliúint do mhúinteoirí ar Little Athletics. Tionscadal píolóta lúthchleasaíochta Sports Hall, clár cóitseála Play Rugby, clár gníomhaíochta iarscoile Be Active, agus ócáid trastíre do bhunscoileanna.
- Clár Girls in Action do chailíní neamhghníomhachta sna déaga - tá sé á chur ar fáil anois in 8 mheánscoil sa chontae.
- Trí-atlan don Idirbhliain: Ba í an bhliain 2012 an chéad bhliain inar cuireadh an t-imeacht seo ar siúl, snámh 200m (8/10 bhfad linne) 10km ar rothar agus rith 3km. Bhí 12 scoil agus 218 duine páirteach.
- Eagraíodh 19 cúrsa oiliúna i bhfeasacht míchumais sa bhliain 2012 agus cuireadh oiliúint ar 450 rannpháirtí ó ghrúpaí Idirbhliana, clubanna spóirt agus coláistí tríú leibhéal.
- Eagraíodh raon gníomhaíochtaí do sheanóirí, lena n-áirítear ceardlann eolais agus comhairle do ghrúpaí tacaíochta atá ag déanamh iarratas ar chistiú 'Go for Life'. Lena chois sin, eagraíodh dhá chinn d'Fhéilte Gníomhaíochtaí do Sheanóirí i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha i Samhain 2012 agus ócáid le haghaidh Seachtain um Aosú Dearfach arna heagrú ag Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú, lena n-áirítear: seisiún trialach, seisiún gníomhaíochtaí do dhaoine breacaosta i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha.
- I measc na n-imeachtaí a eagraíodh mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na Rothar i Meitheamh 2012, bhí laethanta spraoi do theaghlaigh; turais rúnda rothar i gceantair RAPID; seiceálacha ar rothair i scoileanna agus oiliúint sábháilteachta ar rothair. Bhí tuairim is 2,600 duine páirteach i Seachtain na Rothar 2012 sa chontae;
- I measc na n-imeachtaí agus clár siúil a reáchtáladh, bhí Siúlóid Operation Transformation in Eanáir 2012 i mBaile Átha Fhirdhia ar bhealach Shlí na Sláinte. Ghlac 260 duine páirt ar an lá. Eagraíodh clár gníomhaíochta siúil sa láthair oibre ar mhaithe le baill d'fhoireann Údaráis Áitiúla Lú. Chun leanúint den chlár

### **Forbairt Clubanna agus Saorálaithe**

- Oiliúint curtha ar fáil do chlubanna agus d'oibrithe deonacha maidir leis an gCód Eitice (reáchtáladh 12 chúrsa i gcaitheamh 2012 ina raibh 180 duine páirteach),
- Oiliúint d'Oifigigh Leanaí Clubanna (cuireadh an cúrsa seo ar siúl i Lú den chéad uair i 2011, reáchtáladh 3 chúrsa le linn 2012 ina raibh 45 duine páirteach)
- Oiliúint Cluichí Uilechuimsitheacha
- Soláthraíodh oiliúint agus comhairle ar chistiú agus ar chur ar aghaidh clubanna áitiúla.

### **Teacht ar Áiseanna**

- Tá eolaire de na saoráidí spóirt uile sa Chontae á choinneáil ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú.

### **Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú Sprioc Straitéiseach 2: Comhpháirtíochtaí Inbhuanaithe a Thógáil**

- Cuireadh críoch rathúil i mBealtaine 2011/12 le tionscadal PEACE II Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú "Caidreamh Dearfach a chur ar aghaidh ar leibhéal áitiúil tríd an spórt" nuair a eagraíodh dhá cheann d'imeachtaí oscailte roinnt faisnéise. Bunaíodh deich gcinn de chomhpháirtíochtaí club spóirt trasteorann a chruthaigh comhpháirtíochtaí idir clubanna spóirt ar bhonn trasteorann, a chuir oiliúint ar shaorálaithe i gclubanna spóirt i dtaca le ciníochas agus seicteachas, deontais do chomhpháirtíochtaí club spóirt chun oiliúint a chur ar fáil trí imeachtaí agus deis chun foghlaim ón tionscadal trí dhá ócáid oscailte roinnte eolais dar teideal "Dúshlán a chur faoi Dhearcaí tríd an Spórt". San iomlán, bhí 670 rannpháirtí páirteach sa tionscadal.
- Tá dhá líonra gníomhach Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil ann i láthair na huaire – Líonra Múinteoirí Corpoideachais Lú agus Líonra Oifigeach Forbartha Spóirt Lú.

### **Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid a Fhorbairt agus a Fheabhsú**

- Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil do chlubanna agus scaiptear preasráitis ar na meáin áitiúla;
- Cuireadh liosta ríomhphoist i dtoll a chéile ar mhaithe le cumarsáid níos rialta;

Coimisiúnaíodh tuarascáil áitiúil Monatóir Spóirt Lú/na Mí ó shonraí náisiúnta chun bheith mar bhonn le hobair Chomhpháirtíochtaí Spóirt Lú ar an leibhéal áitiúil.

## **CONTAE A THACAÍONN LE DAOINE BREACAOSTA**

Tá Contae Lú ar an Céad Chontae in Éirinn a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus an chéad chontae a cláraíodh le Líonra na gCathracha a Thacaíonn le Daoine Breacaosta atá mar chuid den Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Tá Lú sa chéad áit i measc 9 gcontae eile i bPoblacht na hÉireann ó thaobh an tionscnamh a sheoladh, agus an tIúr agus Múrna, agus Béal Feirste i dTuaisceart Éireann.

### **Gradaim an Taoisigh do Shármhaitheas Seirbhíse Poiblí 2012**



**Bhí ceann de na 20 Gradam do Shármhaitheas Seirbhíse Poiblí 2012 bronnta ar an gClr. Finan McCoy, Cathaoirleach, Comhairle Contae Lú, ag an Taoiseach Enda Kenny T.D. i Halla Naomh Pádraig, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Déardaoin, an 21 Meitheamh. Bronnadh an gradam seo air de thoradh ar 'an Turas a**

Chomhroinnt, Tionscnamh Contae Lú a thacaíonn le Daoine Breacaosta'.

Ba í Comhairle Contae Lú an t-aon údarás áitiúil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar éirigh leis an ngradam seo a bhaint amach. Rinneadh comhghairdeas leis an gClár a Thacaíonn le Daoine Breacaosta mar gheall ar go dtugann sé de chumhacht don duine breacaosta na cinntí a dhéanamh faoi sholáthar seirbhíse i ngníomhaireachtaí éagsúla agus san earnáil phobail agus dheonach ó thaobh an aosaithe de.

Chuaigh cláir de chuid an Tionscnaimh i bhfeidhm go mór ar na moltóirí, mar shampla, Seideanna na bhFear, Fáilte Isteach, an Líne Chabhrach do Dhaoine Breacaosta, an tSeirbhís Glaonna Cairdiúla, Dia Daoibh ar Maidin a Dhroichid Átha, Cúram agus Deisiúchán agus na hionaid buail isteach darb ainm an "Parlour". Is iad na hoibríthe deonacha a chuireann na cláir seo ar fáil mar fhreagra ar riachtanais daoine breacaosta, agus ba thráthúil mar sin gur tugadh aitheantas dá gcuid obair mhaith ar son Daoine Breacaosta.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le Mary Deery ag [mary.deery@louthcoco.ie](mailto:mary.deery@louthcoco.ie) nó 086 8032686 nó tabhair cuairt ar [www.louthagefriendlycounty.ie](http://www.louthagefriendlycounty.ie)

### **Fóram Daoine Scothaosta Lú**

Tugann an Fóram guth do dhaoine scothaosta i dTionscamh Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, mar a thug riamh. Tá suíochán ag an bhFóram ar an gComhaontas a Thacaíonn le Daoine Breacaosta; ar an nGrúpa Iompair a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, ar an nGrúpa Cumarsáide agus ar an bhFóram Gnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta, agus tá ionadaíocht déanta aige ar son mar ambasadóirí ag seoltaí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta i Muineachán, sa Mhí, i gCill Chainnigh, i bhFine Gall agus i mBaile Átha Cliath Theas. Thug baill den Fhóram láithreoireachtaí ag comhdhálacha éagsúla chun daoine breacaosta i Lú a chur ar an eolas faoinar baineadh amach agus faoi na dúshláin ar sáraíodh iad ó thaobh tionscnamh a thacaíonn le daoine breacaosta.

### **Carroll Mead**

**D'oibrigh an Fóram le Líonra Ceirdeanna Lú i gcaitheamh 2012 chun Tithíocht Carroll Meade a athchóiriú. Rinne Líonra Ceirdeanna Lú an obair in aisce chun cabhrú le daoine breacaosta. Tharla an obair le linn Sheachtain na Bealtaine, i Mí na Bealtaine 2012.**

Grúpa 22 ceardaí agus soláthraí seirbhísí is ea Ceirdeanna Trádála Lú ([www.louthtradesnetwork.com](http://www.louthtradesnetwork.com)) atá bunaithe i réigiún Lú.

Thug gach ball den ghrúpa dhá lá iomlána oibre don tionscadal (thug roinnt acu ní ba mó ná sin fiú) Dé hAoine, an 11 agus an 12 Bealtaine. Is iad seo a leanas na jabanna ar cuireadh i gcrích iad:

- Cosán nua a leagan
- Aonaid stórála a sholáthar agus a fheistiú
- Halla comhchoiteann a phéinteáil (laistigh)
- 4 theach a phéinteáil (lasmuigh)
- Láithreacha comhchoiteanna a ghlanadh leis an niteoir cumhachta (bóthar, cabhsán, cosáin, srl.)
- Fuinneoga, gáitéir, srl. a ghlanadh amach
- Faichí comhchoiteanna a bhearradh
- Seid stórála a thógáil lasmuigh, le haghaidh lomaire faiche.

### **Nasc a Chothú le Fóram Daoine Scothaosta na hAlban**

Ghlac Grúpaí do Dhaoine Breacaosta ó cheann ceann Lú páirt i nasc físe beo le daoine cosúla in Albain agus san Astráil ag Ionad Netwell in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan Dé hAoine, an 2 Samhain 2012. Mar chuid den nasc físe beo, thug Fóram Daoine Scothaosta Lú aitheasc do Thionól Daoine Scothaosta na hAlban ag Tithe na Parlaiminte i nDún Éideann. Bhí siad nasctha leis an bhFóram Daoine Scothaosta i Victoria na hAstráile chomh maith, mar aon le grúpaí Albanacha eile in Obar Dheathain, in Inbhir Nis agus i nDail Bheithe.

Bhain an láithreoireacht le ról Chúltaca i bpobal Dhún Dealgan. Is é ról Chúltaca ná seirbhís déanta cairdeas, éisteachta agus abhcóideachta a chur ar fáil a chinntíonn go dtugtar tús áite do riachtanais agus do theastálacha de chuid daoine scothaosta agus iad ag déanamh plé le seirbhísí reachtúla agus neamhreachtúla.

### **Smaoinigh Céim chun Tosaigh**

Roghnaíodh Lú le haghaidh tionscadal píolótach, tábhachtach nua darb ainm 'Smaoinigh Céim chun Tosaigh'. Is tionscnamh feasachta é '**Smaoinigh Céim chun Tosaigh**' a bhfuil sé mar aidhm aige treoir a thabhairt do dhaoine d'fhonn iad a spreagadh chun labhairt faoina roghanna cúraim agus iad a bhreacadh síos ionas go mbeadh fáil orthu i gcás éigeandála, tinneas tromchúiseach nó báis nuair nach bhféadfaidís a roghanna féin a chur in iúl.

Sheol an Taoiseach Enda Kenny an tionscnamh seo ag an bhFóram um Dheireadh Saoil in Éirinn ar an 12 Deireadh Fómhair 2011 ag Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail breis is 350 duine ar an bhFóram agus chuir an Taoiseach in iúl go raibh sé ag tacú leis go huile is go hiomlán.

Is é 'Smaoinigh Céim chun Tosaigh' príomhthionscadal [an Fhóraitm um Dheireadh Saoil in Éirinn](#) (tionscnamh de chuid Fhoras Ospíse na hÉireann), a ndéanann an Breitheamh Onórach Catherine McGuinness cathaoirleacht air agus a bhí seolta ag an Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa i Márta 2009.

**Seoladh an clár píolótach ag Áiléar na Lánaí Arda i nDroichead Átha Dé Luain, an 10 Meán Fómhair ag 10:30 r.n.** Thug an Seanadóir Feargal Quinn agus an Breitheamh Onórach Catherine McGuinness óráidí ag an seoladh.

### ***Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh***

Ba í an Seanadóir Mary Moran a sheol Seachtain Aosaithe Dhearfaigh Dhún Dealgan i gCearnóg an Mhargaidh, tráthnóna Dé Luain, an 1 Deireadh Fómhair. Mhol Bainisteoir Contae Lú Joan Martin an obair a rinne gach duine a bhí páirteach i gclár na seachtaine a eagrú agus d'inis sí do dhaoine scothaosta gur chóir dóibh "taitneamh a bhaint as a mblianta órga". Mhol an Seanadóir Moran na himeachtaí idirghlúine, go háirithe sa Bhliain Eorpach um Aosú Gníomhach agus um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúine.

Fuair roinnt mhaith daoine scothaosta tús eolais ar an Idirlíon agus ar úsáid ríomhairí de thoradh ar ranganna ríomhaire a d'eagraigh Aoisghníomhaíocht Éireann in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus bhí na ranganna seo ar cheann de na cúiseanna a bronnadh ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan an stádas mar an gcéad champas sa tír a thacaíonn le daoine breacaosta.

D'eagraigh Coiste Sheachtain Aosaithe Dhearfaigh Dhroichead Átha go leor imeachtaí chun Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh a cheiliúradh, turas rúnda, Aifreann, seisiún "Stitch-n-Bitch", Boccia, líndamhsa, lá áilliúcháin agus seisiún leideanna faoin ngarraíodóireacht san áireamh. Bhí na himeachtaí seo comhlánaithe ag na himeachtaí in Áiléar na Lánaí Arda agus i Leabharlann Dhroichead Átha.

### ***An tSeirbhís Glaonna Cairdiúla***

Seirbhísí gutháin in aisce is ea Dia Duit ar Maidin a Lú agus Dia Duit ar Maidin a Dhroichid Átha do dhaoine os cionn 65 bliain d'aois agus tá siad an-oiriúnach do dhaoine atá ina gcónaí ina n-aonar. Bíonn Dia Duit ar Maidin a Lú ar oscailt ó Luan go hAoine (9.30 r.n. go dtí 1.00 i.n.), agus cuirtear glaonna ar úsáideoirí na seirbhíse ag amanna réamhshocraithe chun a bhfolláine a sheiceáil.

Seoladh Dia Duit ar Maidin a Lú agus Dia Duit ar Maidin a Dhroichid Átha i 2012. Is é príomhaidhm Dia Duit ar Maidin a Lú agus Dia Duit ar Maidin a Dhroichid Átha ná a chinntiú go bhfuil tú slán sábháilte agus faoi dhea-shláinte sa bhaile. Mar aon leis sin, tugann siad deiseanna d'úsáideoirí nithe a bhfuil imní orthu fúthu a chur in iúl, agus feasacht ar sheirbhísí áitiúla, úsáideacha eile a mhéadú, rud a nascfar daoine leis an bpobal ar bhealach níos fearr.

Is iad oibríthe deonacha a oibríonn in 'Dia Duit ar Maidin a Lú', roinnt acu atá ar scor agus ar maith leo cabhrú le daoine ina bpobail féin. Cuirtear oiliúint ar na hoibríthe deonacha uile chun seirbhís ghairmiúil, rúnda a chur ar fáil, tacaithe ag an teicneolaíocht is nua.

## **Ó Ghlúin go Glúin**

### **Gradam Eolaithe Óga Naomh Uinseann**

Bronnadh 3ú háit ar Ciara Raffery agus ar Emily O'Reilly, beirt atá sa dara bliain i Meánscoil Naomh Uinseann i nDún Dealgan, i gComórtas Bliantúil Eolaí Óg BT sa chatagóir um an eolaíocht iompraíochta agus shóisialta. Mar chuid dá dtionscadal darb ainm "Céard is fiú le tionscnaimh phobail do dhaoine scothaosta i nDún Dealgan?", thug siad cuairt ar roinnt de na háiseanna do dhaoine scothaosta sa cheantar agus rinne siad staidéar agus suirbhéireacht orthu ar feadh 4 mhí. Ina measc siúd, bhí Cuan Iarnród Mór an Tuaiscirt (maireachtáil chuidithe), an Tionscadal Nestling (cuimsiú sóisialta), Cuidigh Linn (tacaíocht do dhaoine scothaosta), Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Chuaille agus an tionscadal ealaíne ag Teach Altranais Oilibhéir Pluincéid, Dún Dealgan. Baineadh de thátal as an staidéar, trí na breathnóireachtaí, trí na ceistiúcháin, trí na hagallaimh agus tríd an anailís ar na tionscnaimh seo, go bhfuil fiúntas fadréimhseach ag baint leis na tionscnaimh seo do dhaoine scothaosta, ach d'oibríthe deonacha agus do dhaltáí scoile chomh maith. Thug an Bainisteoir Contae Conn Murray cuireadh do na cailíní a dtionscadal a chur i láthair d'Fhóram Dhaoine Scothaosta Lú.

Bhí Emily agus Ciara araon páirteach sa chlár idirghlúine idir Teach Altranais Oilibhéir Pluincéid agus Scoil Mhuire na nGael, Eastát na Bá, a bhí curtha ar bun ag an bPríomhoide, Martina Rafferty 6 bliana ó shin.

### **Tionscadal na nOibríthe Deonacha Idirghlúine**

Is é an 1 Deireadh Fómhair Lá Idirnáisiúnta na nDaoine Scothaosta gach bliain. Sa bhliain 2012, ba é an 1 Deireadh Fómhair Lá na Náisiún Aontaithe chomh maith agus d'iarr an Coimisiún Eorpach ar Bhallstáit an lá a cheiliúradh. Ina theannta sin, ba í an bhliain 2012 an Bhliain Eorpach don Aosú Gníomhach agus don Dlúthpháirtíocht idir na Glúnta.

Rinne Ionad Oibríthe Deonacha Lú iarracht oibríthe deonacha scothaosta a spreagadh chun páirt a ghlacadh i dtionscadal oibre deonaí aon lá amháin le linn na chéad seachtaine de Dheireadh Fómhair mar chuid den Bhliain Eorpach don Aosú Gníomhach agus don Dlúthpháirtíocht idir na Glúnta 2012.

Rinne daltaí na hidirbhliana scáthú ar an oibrí deonach/ar na hoibríthe deonacha scothaosta le linn na chéad seachtaine de Dheireadh Fómhair agus chuir na daltaí cás-staidéar le chéile maidir leis an eispéireas. De bhun an eispéiris, rinne Ionad Oibríthe Deonacha Lú sraith straitéisí a tháirgeadh faoi na bealaí chun tionscadal oibríthe deonacha idirghlúine a reáchtáil.

### **Ag Fás Ó Ghlúin go Glúin**

Áiteanna cruinnithe le haghaidh an chomhoibríthe is ea gairdíní inar féidir le daoine teacht le chéile chun cuma na háite a chur chun cinn beag beann ar a n-aoiseanna. Sa tionscadal seo, spreag bealaí samhlaíocha garraíodóireachta daltaí an cheathrú rang de chuid Scoil Mhuire na Trócaire.

D'oibrigh Coiste Baile Slachtmhar Bhaile Átha Fhirdhia, Cúram Sláinte Moorehall, Scoil Mhuire na Trócaire, Gairdín Rúnda na gCreagacha Dubha agus Scoil Náisiúnta Pheadair as láimh a chéile chun gairdíní glasraí, luibheanna agus bláthanna a fhorbairt. Spreagann na stiúideonna sna gairdíní comhráite idir na daoine uile, idir óg

agus scothaosta. D'inis siad scéalta faoin óige agus faoin stair dá chéile, mar aon le glasraí, le luibheanna agus le bláthanna a chur.

### ***Plean Feidhmithe Straitéis Roinn Lú den Gharda Síochána do Dhaoine Scothaosta***

Tá Grúpa Sábháilteachta agus Slándála Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta faoi chathaoirleacht an Cheannfoirt Pat McGee ag cur Plean Feidhmithe Straitéis Roinn Lú den Gharda Síochána do Dhaoine Scothaosta i ngníomh faoi láthair. Glacadh an plean ón Straitéis Náisiúnta do Dhaoine Scothaosta a seoladh i nDeireadh Fómhair 2010.

Tá Roinn Lú den Gharda tiomanta don straitéis a chur i bhfeidhm ar fud Chontae Lú agus tógadh roinnt mhaith céimeanna anuraidh chun an sprioc sin a bhaint amach.

Tá ag Roinn Lú an Gharda Síochána leathanach ar shuíomh Idirlín Thionscadal na nDaoine Breacaosta a bhíonn uasdátaithe go rialta le comhairle maidir le cúrsaí slándála agus le cosc ar choireacht don duine scothaosta, mar aon le sonraí teagmhála gach stáisiún de chuid an Gharda i gContae Lú, agus ainmneacha agus sonraí teagmhála gach Garda pobail ar fud an chontae.

Gheofar eolas ar an doiciméad ach cliceáil ar [www.louthagefriendlycounty.ie](http://www.louthagefriendlycounty.ie)

### ***Fóram Gnó Lú a Thacaíonn le Daoine Breacaosta***

#### **Aonach Tomhaltóirí Dhairbhre, an 7 Deireadh Fómhair 2012**

Reáchtáladh an chéad Aonach Tomhaltóirí do Dhaoine Breacaosta in Éirinn Dé Domhnaigh, an 7 Deireadh Fómhair agus d'fhreastail na mílte ar an ionad i gContae Lú chun páirt a ghlacadh sna léachtaí, breathnú ar na seastáin agus taitneamh a bhaint as an tsiamsaíocht – gach rud dírithe ar phobal scothaosta na hÉireann. Ba é Fóram Gnó Lú do Dhaoine Scothaosta, agus Gavin Duffy i gceannas air, a chuir an t-imeacht ar bun, rud inar ghlac breis is 60 gnóthas páirt, chomh maith le léachtaí maidir leis an tsláinte, leis an bhfolláine, agus le cúrsaí airgid agus dlí, mar aon le siamsaíocht arna chur ar fáil ag Paddy Cole agus Comhaltas Ceoltóirí Éirinn. Bhí cead isteach saor in aisce agus bhí roinnt duaiseanna le buachan.

Ba bheart nádúrtha é d'Fhóram Gnó Lú do Dhaoine Scothaosta an gnóthas agus an cliant a thabhairt le chéile. Bhí an t-aiseolas a fuarthas an-an-dearfach ar fad, agus bhí an-suim ag roinnt mhaith de na gnóthais páirt a ghlacadh arís i 2013.

#### **Seideanna na bhFear**

Sheol Mícheál Ó Muirheartaigh tionscnamh Sheideanna na bhFear i nDún Dealgan an 15 Meán Fómhair 2011. Cuimsíonn an clár seid eile i nDroichead Átha agus seoladh an tríú ceann i gCuaille le linn 2012. Coincheap a thosaigh san Astráil is ea Seideanna na bhFear agus féachann sé le timpeallacht shábháilte chuimsitheach a sholáthar d'fhir chun teacht le chéile agus dul i mbun oibre ar thionscadail ina gcuid ama féin agus i bhfochair fear eile. Féadfaidh na fir saincheisteanna a bhaineann leo féin a phlé i dtimpeallacht shábháilte. Féadfaidh an tseid slí éalaithe a thabhairt d'fhir, nó braistint cuspóra, nó an dá cheann. Ar na gníomhaíochtaí atá coitianta i seideanna tá: grianghrafadóireacht, oiliúint ríomhaire, adhmadóireacht, ealaín agus caitheamh aimsire.

## **Comhairle na nÓg, Lú, ag dul i ngleic le fadhbanna ar mhaithe le daoine óga**

Is í Comhairle na nÓg, Lú, guth aitheanta na ndaoine óga i gContae Lú. Arna cur ar bun i ngach contae faoin Acht um Obair don Aos Óg, déanann Comhairle na nÓg a seacht ndícheall chun na saincheisteanna agus leas daoine óga a chur in iúl do chinneadóirí agus d'ionadaithe áitiúla ar gach leibhéal.

Tá 36 ball gníomhach ag Comhairle na nÓg, Lú, a dhéanann ionadaíocht do scoileanna, d'eagraíochtaí don ógra agus do ghrúpaí sainleasa don ógra. Tagann an Chomhairle le chéile ar bhonn míosúil agus tugann sí faoi réimse leathan tionscadal chun plé leis na saincheisteanna atá ag daoine óga. Déantar na saincheisteanna seo a phlé agus a chomhaontú ag Cruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg, Lú, gach Deireadh Fómhair, rud a bhfreastalaíonn breis is 100 duine óg air gach bliain.

Ba bhliain an-tábhachtach í an bhliain 2012 do Chomhairle na nÓg, Lú. Bhain an phríomh-shaincheist a comhaontaíodh ag an CCB le "Meabhairshláinte Daoine Óga". Rinneadh an tsaincheist chasta seo a bhriseadh ina dhá chuid; feachtas feasachta i dtaobh na mbealaí dearfacha a d'fhéadfadh daoine óga aire a thabhairt dá meabhairshláinte agus forbairt feidhmchláir mhóibíligh d'fhonn a meabhairshláinte a chosaint.

D'éirigh go han-mhaith leis an dá chuid den tionscadal agus tharraing an feidhmchlár móibíleach aird na meán cumarsáide tráth a raibh torthaí na hArdteistiméireachta á bhfoilsíú. Rinneadh tagairt don fheidhmchlár in Irish Times agus ar Nuacht RTÉ chomh maith. Tugann an feidhmchlár eolas tábhachtach maidir leis na bealaí a d'fhéadfaí meabhairshláinte a chosaint agus tugann sé treoir céim ar chéim faoin gcaoi chun cabhrú le duine atá i mbaol lámh a chur ina bhás féin.

Ina theannta sin, roghnaíodh Comhairle na nÓg, Lú mar cheann de thrí Chomhairle a cuireadh faoin spotsholas ag Dáil na nÓg i bPáirc an Chrócaigh i Samhain 2012.

## Daonlathas Áitiúil

*"Ról daonlathach, saoránach agus ceannaireachta Údarás Áitiúla Lú a thacú, a chur ar aghaidh agus a fheabhsú."*

### Fóram Pobail agus Deonach

Bhí cruinnithe rialta ag Fóram Pobail agus Deonach Chontae Lú sa bhliain 2012 faoi mar a bhí roimhe sin. Tionóladh toghchán chun 12 fholúntas a líonadh thar na 7 gColún Théamacha; cuireadh oiliúint ar na comhaltaí nua agus chuaigh siad isteach sna grúpaí oibre nuabhunaithe. I Mí an Mheithimh, d'óstáil an fóram comhdháil don Earnáil Phobail agus Dheonach; thug an t-imeacht rathúil seo eolas do Phlean Oibre an Fhóraithe Phobail agus Dheonaigh do 2012-2013 agus cuirfear ar siúl é ar bhonn bliantúil amach anseo. Tá obair fós ar bun ar an bplean gníomhaíochta agus i leith saothar Fóram Lú a chur chun cinn trí thionscadail agus trí Chomórtas Bliantúil Rochtana an Fhóraithe Phobail agus Dheonaigh. Tionóladh toghchán chun Chomhpháirtíocht LEADER Lú i mbliana chomh maith agus thóg beirt ionadaithe don earnáil phobail agus dheonach suíocháin maidir leis na téamaí óige agus idirchultúrtha. Rinne an Earnáil Phobail agus Dheonach, trí chomhaltaí an fhóraithe, ionadaíocht ar na comhlachtaí seo a leanas chomh maith: Bord Forbartha Contae Lú, an Tascfhórsa Réigiúnach um Dhrugaí, Comhchoistí Póilíneachta, Coistí Beartas Straitéiseach Chomhairle Contae Lú, Coistí Pleanála Cathrach Chomhairle Baile Dhún Dealgan, Coiste Cúram Leanaí Lú, an Fóram Pobail Náisiúnta, an Fóram Pobail Réigiúnach, agus Comhpháirtíocht LEADER Lú. Is ionann líon na ngrúpaí a bhí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach i 2012 agus 180.



*Seoladh Chomórtas Bliantúil Rochtana an Fhóraithe Phobail agus Dheonaigh 2012*

### **An Grúpa Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe**

Cuireadh an grúpa idirghníomhaireachta seo ar bun arís in Aibreán/Bealtaine 2010 agus tagann siad le chéile go rialta. Leanann Athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta an Ghrúpa Idirghníomhaireachta do Thaistealaithe 2010-2013 ar aghaidh, le neart rudaí bainte amach go dtí seo.

### **Scéim Pobail na nAláram Deataigh**

Cuireadh roinnt aláram deataigh, aláram aonocsaíd charbóin, agus aláram do dhaoine bodhra agus do dhaoine ar lagéisteacht ar fáil faoin scéim seo le cúnamh Chomhordaitheoirí RAPID, grúpaí Pobail agus Deonacha, agus Seirbhís Dóiteáin Údaráis Áitiúla Lú.

### **Sparánachtaí Oideachais**

Bronnann Comhairle Contae Lú, le cúnamh ó Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus ó Chomhairle Baile Dhún Dealgan, 6 sparánacht oideachais ar dhaoine nach mbeadh ar a gcumas leas a bhaint as oideachas tríú leibhéal gan na sparánachtaí sin. Bronnadh na 6 sparánacht i 2012 ar mhic léinn a bhí in oiriúint leis na critéir atá leagtha amach ag Údaráis Áitiúla Lú. Tá gach seans ann go gcaithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an sparánacht seo le linn 2013 toisc go bhfuil cuma ar an scéal nach bhfuil sí in oiriúint leis an gcóras lárnach nua darb ainm SUSI.

### **Painéal na nDaoine**

Bhunaigh Comhairle Contae Lú, i gcomhar le Comhairle Ceantair an Iúir agus Mhúrn agus le PEACE III, Painéal na nDaoine, grúpa a bhuaifidh le lucht ardbhainistíochta an dá Chomhairle chun réimse leathan nithe bainteacha a phlé. Seoladh Painéal na nDaoine i 2012 agus beidh an chéad chruinniú ar siúl in Eanáir 2013. Tá sé tacaíthe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa trí Chlár AE um an tSíocháin agus um an Athmhuintearas (PEACE III), arna bhainistiú ag an gComhlacht um Chláir Speisialta AE.

Tá ar an bPainéal daoine ón dá thaobh den teorainn agus cuireadh oiliúint orthu uile i Mí na Nollag 2012. Reáchtálfar sraith cruinnithe i gcaitheamh 2013.



*Seoladh Phainéal na nDaoine i 2012*

## Táblaí agus Aguisíní

### Príomhtháscairí Feidhmíochta

<b>AN TSEIRBHÍS DÓITEÁIN</b>	<b>2010</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
<b>F1: Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin</b>			
A. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin	2.13	2.94	2.20
B. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha i gcás dóiteáin	3.85	3.81	4.46
C. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i gcás gach teagmhas éigeandála eile	2.12	3.1	2.30
D. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choimeádta) i gcás gach teagmhas éigeandála eile	4.12	5.43	4.70
<b>F.2 An Céatadán Láithreachta ag Ionaid</b>			
A. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	65.95	63.68	61.90
B. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	29.36	28.03	33.55
C. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 20 nóiméad	4.69	8.29	4.54
D. Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	49.84	41.00	50.53
E. Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	40.63	41.42	43.09
F. Céatadán na gcásanna i gcás gach teagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	9.52	17.57	6.38
<b>F.3 Cosc Dóiteáin</b>			
A. Uimhir iomlán na n-iarratas a fuarthas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán	117	111	105
B. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán arna bpróiseáil (lena n-áirítear cásanna neamhbhailí)	111	99	96
C. Líon iomlán na n-iarratas bailí	4	12	7

<b>RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL</b>	<b>2010</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
<b>CP.1 Rannpháirtíocht i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg</b>			
Céatadán na scoileanna áitiúla agus na ngrúpaí óige atá bainteach le scéim Chomhairle na nÓg	95.45	95.45	95.45
	<i>Tá méadú suntasach a CNN KPI ngeall a dheontas i fuairéamar i OMCYA a chui ar ár gcuma: oifigeach forbartha i fhostú tar é: próisea: tairiscint oifigeach i d'oibrigh i scoileanna agus le grúpaí a annam i chloistear uathu le g bhféadfaid: bheith rannpháirteach gComhairle na nÓg</i>		
<b>CP.2 Grúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach</b>			
Líon na ngrúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	165	169	182

<b>CEISTEANNA CORPARÁIDEACHA</b>	<b>2010</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
<b>C.1 Laethanta Oibre a cailleadh de dheasca Breoiteachta</b>			
A. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta dheimhnithe	3.93	4.81	4.80
B. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta dheimhnithe	0.63	0.80	0.68
<b>C.2 Oiliúint agus Forás na Foirne</b>			
Caitheachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de chostas iomlán an phárola	3.12	2.80	2.85

<b>SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL</b>	<b>2010</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
<b>UISCE</b>			
<b>E.1 Uisce Gan Tásc</b>			
Uisce gan tásc mar chéatadán den uisce ar fad a sholáthraítear faoi scéimeanna soláthar uisce faoi chúram an údaráis áitiúil	42.89	41.39	40.96
<b>E.2 Anailís ar Uisce Óil</b>			
A. Céatadán de thorthaí na hanailíse ar uisce óil i gcomhlíonadh riachtanas reachtúil i dtaca le scéimeanna poiblí	98.97	99.10	?
